

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010



UACHTARÁN

Tom Considine
Iar Ard-Rúnaí
An Roinn Airgeadais

LEAS-UACHTARÁIN

Ciaran Connolly
Brendan Drumm
John Fitzgerald
Phil Furlong
Dermot McCarthy

Brian McDonnell
Padraig McManus
Michael Scanlon
Geraldine Tallon
John Tierney

BAILL AN BHOIRD

John Tierney (**Cathaoirleach**)
Martin McDonald (**Leaschathaoirleach**)
Brian Cawley (**Ard-Stiúrthóir**)
Séan Aylward (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Phyllis Behan (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Marie Brady (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)
John Campion (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Donal Connell (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Martin Cronin (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)
Gabriel D'Arcy (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Raymond Dolan

Des Dowling
Michael Errity
Robert Galavan
Cathal Goan (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)
Paul Haran (**ceapadh Meitheamh 2010**)
David Hughes (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Carmel Keane
Morgan McKnight
Sinéad McNamara (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Peter Nolan (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)
Julie O'Neill (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)
Frances Spillane
David Thomas (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)

FOCHOISTÍ AN BHOIRD

COISTE AIRGEADAIS AGUS STRAITÉISE

John Tierney (**Cathaoirleach**)
Marie Brady (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)
Martin Cronin (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)
Gabriel D'Arcy (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Des Dowling
Michael Errity
Paul Haran (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Sinéad McNamara (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Peter Nolan (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)

COISTE RIARACHÁIN

Martin McDonald (**Cathaoirleach**)
Séan Aylward (**ceapadh Meitheamh 2010**)

Phyllis Behan (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Dónal Connell (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Carmel Keane
Julie O'Neill (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)
Frances Spillane

COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Raymond Dolan (**ceapadh ina Chathaoirleach Meitheamh 2010**)
John Campion (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Robert Galavan
Cathal Goan (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)
David Hughes (**ceapadh Meitheamh 2010**)
Morgan McKnight
David Thomas (**deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010**)

COISTÍ AN FHORAIS RIARACHÁIN

COISTE OIDEACHAIS

Frank Murray (**Cathaoirleach**)
Seán Aylward (**d'éirigh sé as i bhFeabhra 2010**)
Brian Cawley
Tony Donohoe (**ceapadh Bealtaine 2010**)
Pat Hall
John Harper (**ceapadh Bealtaine 2010**)
Aidan Horan (**ceapadh Bealtaine 2010**)
Anthony Kearney (**deireadh le téarma oifige Feabhra 2010**)
Finbarr Kelly
Martina Maloney (**ceapadh Deireadh Fómhair 2010**)
Ian McKenna
Michael Mulreany
Jack Nolan (**ceapadh Bealtaine 2010**)
Denis O'Brien (**Rúnaí**)
Alice O'Flynn
Terry Ó Niadh (**d'éirigh as Bealtaine 2010**)
Con Ryan (**ceapadh Bealtaine 2010**)
Moling Ryan
John Twomey
Orla Twomey (**ceapadh Bealtaine 2010**)
Noel Waters (**ceapadh Feabhra 2010**)

COISTE FOILSITHE LEABHAR

Maurice Manning (**Cathaoirleach**)
John Bowman
Richard Boyle
John Curry
Dónal de Buitléir
Tom Fennell
Paul Haran
George Lee
Ann McGuinness (**d'éirigh as Meán Fómhair 2010**)
John Murray (**RIP, Meán Fómhair 2010**)
Blathna Ruane

AN FORAS RIARACHÁIN

57-61 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4

Teil + 353 1 240 3600

Íosghlao 1890 202626



Faics + 353 1 668 9135

Rphost information@ipa.ie

Gréasán www.ipa.ie



CLÁR ÁBHAR



BROLLACH



BROLLACH

Bliain an-chrua eile do gheilleagair na hÉireann agus don seirbhís phoiblí in Éirinn ab ea an bhliain 2010. Ag deireadh na bliana, d'aontaigh an rialtas leis an gClár um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn de chuid an AE/IMF agus foilsíodh an *Plean Téarnaimh Náisiúnta 2011–2014*, lenar thug an rialtas tiomantas de cheartú buiséadach de luach €15 billiún a bhaint amach ar feadh tréimhse an phlean. Fógraíodh €6 billiún san iomlán i gceartuithe buiséadacha le haghaidh 2011 sa bhuiséad náisiúnta i mí na Nollag, lena áirítear ciorruithe i gcaiteachas ar fud raon leathan de chlár agus de sheirbhísí rialtais. Leanadh leis an moratorium ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí, chomh maith le dul sa tóir ar ghníomhaíochtaí chun téarmaí an Chomhaontú um Sheirbhís Phoiblí (Páirc an Chrócaigh). Tá an comhaontú seo idir cumann agus fostóirí na hearnála poiblí dírithe ar raon leathan d'éifeachtúlacht agus solúbthacht ar fud na seirbhíse poiblí. Thuairiscigh an Grúpa Athbhreithnithe Éifeachtúlachta um Rialtas Áitiúil chomh maith agus rinne sé líon suntasach de mholtaí maidir le hathchóiriú san earnáil rialtais áitiúil.

Ag an am seo d'éiginnteacht agus de rachlas nár fhacthas riamh, tá ról an-tábhachtach ag an bhForas Riaracháin maidir le fóram a sholáthar le haghaidh machnaimh, díospóireachta agus plé faoi na dúshláin atá romhainn agus táimid ag smaoineamh faoin gcaoi a bhféadfaimid na dúshláin sin a fhreagairt. Tá sé deacair am a fháil chun sos a thógáil agus machnamh le linn tréimhsí ina bhfuil brú agus géarchéim leanúnach, ach tá sé fiorthábhachtach go bhféadfaidh gach páirt dár riarachán poiblí foghlaim ó ócáidí a tharla le déanaí. Trína thaighde, comhdhálacha, seimineáir, Fóram Rialachais agus obair oiliúna, chomhairleoireachta agus fhoilsitheoireachta, leanann an Foras air mar acmhainn foghlama uathúil don tseirbhís phoiblí ar fad. Trína obair idirnáisiúnta, cuireann an Foras deiseanna ar fáil do státseirbhísigh na hÉireann chun dul i gcomhairle le cleachtóirí agus an lucht acadúla ón gcoigríoch, ionas go mbeimid ábalta freisin na gnéithe idirnáisiúnta comparáideacha de na dúshláin atá romhainn a chur i gcuntas go hiomlán.

Níor tháinig an Foras slán ó na laghduithe móra ar chaiteachas poiblí. Ghearr na heagraíochtaí atá mar chliant aige siar ar a gcaiteachas ar oiliúint agus forbairt le linn 2010, agus tháinig laghdú ar an ioncam sna réimsí seo dá bharr. Ós rud é gurb é cobhsú tuilleadh d'airgeadais an Fhorais ceann de na cuspóirí le linn 2010, cuireadh i bhfeidhm clár um laghdú costais ollmhór chun díriú ar an ioncam atá á laghdú. Is mór an clú d'athléimneacht an Fhorais agus a fhoireann, gur baineadh amach na spriocanna airgeadais foriomlána, i gceann de na blianta airgeadais is deacra inár stair.




Iar-Thaoiseach John Bruton ag caint ag Comhdháil Náisiúnta an Fhorais, dar teideal *Ag Tógáil ar Mhuinín agus Iontaoibh sa Riarachán Poiblí*.

BROLLACH

Ag am atá lán d'éiginnteacht, tá sé fiorthábhachtach go mbeidh an Foras i seasamh maith don todhchaí. Mar sin de, chaith an Bord agus an Feidhmeannach go leor ama le linn na bliana ag díriú ar dhá shaincheist mhóra: forbairt de straitéis chorparáideach don tréimhse 2011-2015, agus an plé faoi chomhaontuithe comhpháirtíochta foirmiúla le hollscoil Éireannach ollmhór. Faoi dheireadh 2010, bhí straitéis nua forbartha ag an mBord don Fhoras, agus tá sé le foilsiú go luath in 2011. Ina theannta sin d'aontaigh sé go foirmiúil le comhpháirtíocht le hollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, a thiocfaidh i bhfeidhm in 2011. Cé nach gcuirfidh an chomhpháirtíocht seo isteach ar rialachas nó stádas an Fhorais, táimid ag súil go mbeidh níos mó deiseanna ann de réir a chéile do chomhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta mar thoradh air. Ciallaíonn sé freisin go mbeidh na gradaim fhoirmiúla a bhronntar i gcláir an IPA mar dhámhachtainí ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Creidimid go mbeidh tuilleadh buntáistí ann dár gcliaint agus mic léinn, agus go gcuirfear feabhas ar cháil an Fhorais. Mar sin, in ainneoin éiginnteachta ollmhóire ag deireadh 2010 tá an Foras i seasamh níos fearr chun tacaíocht a thabhairt dá gcliaint sa tseirbhís phoiblí agus chun déileáil leis na dúshlán atá romhainn.

Faoi dheireadh, is mór an trua go bhfuairamar amach i mí Mheán Fómhair faoi bhás anabáí an Ollamh John Murray, Iar-Chathaoirleach an Fhorais. Ní amháin a raibh John ina mhúinteoir agus fear léinn iontach ach b'fhoinse thacaíochta agus comhairle do sheirbhís phoiblí na hÉireann agus do go leor státseirbhíseach aonair a d'fhreastail ar a chlár. Bhain an Foras leas as a chomhairle agus a mhaoirseacht chríonna le linn a tréimhse mar Chathaoirleach. Ar son an Fhorais agus a bhaill foirne, ba mhaith liom buíochas an-mhór a ghabháil lena sheirbhís don IPA agus do sheirbhís phoiblí na hÉireann, agus ba mhaith liom ár mbrón a chur in iúl lena bhean chéile agus lena chlann. Ar dheis Dé go raibh a anam.



John Tierney
Cathaoirleach



John Tierney

TUARASCÁIL AN ARD- STIÚRTHÓRA



TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA

Ba bhliain an-dheacair eile í do sheirbhís phoiblí na hÉireann, agus ba bhliain dhúshlánach eile í don Fhoras, mar thoradh ar chiorruithe i gcaiteachas poiblí bhí buiséid laghdaithe ann do sheirbhísí oiliúna, oideachais, taighde agus seirbhísí eile arna soláthar ag an bhForas. Ag tús na bliana 2010, shocraíomar trí chuspóir ollmhóra dár féin: ár n-airgeadas a chobhsú, tacaíocht a thabhairt dár gcliaint um sheirbhís phoiblí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thromchúiseacha rompu; agus chun an Foras a shocrú go straitéiseach don todhchaí. Táimid sásta le rá go ndearnamar go leor dul chun cinn faoi dheireadh na bliana d'fhonn na straitéisí seo a bhaint amach.

In ainneoin an ioncaim laghdaithe in 2010, chuir an Foras clár ollmhór a laghdaíonn costais i bhfeidhm, agus le linn na bliana, mar thoradh ar tuilleadh laghdaithe sna tuarastail agus i gcostais eile baineadh amach toradh airgeadais an-sásúil ag deireadh na bliana. De bharr na mbeart seo agus na n-athruithe i stádas ár gciste pinsean, léiríodh gnóthú suntasach i gcúlchistí an chláir chomhardaithe chomh maith.

Agus dúshláin mhóra le sárú ag an earnáil phoiblí, tá ról an Fhorais mar fhóram foghlama agus forbartha gairmiúil níos tábhachtaí anois ná riamh. Is dóigh linn go gcaithfidh fáil a bheith ag an tseirbhís phoiblí ar fhoghlaim agus go gcaithfidh sí a bheith toilteanach oiriúnú do chúinsí a bhfuil athrú mór tagtha orthu ionas go mbeidh rath uirthi anois agus amach anseo, agus ionas go ndearbhófar in athuir an ról dearfach rithábhachtach atá aici i sochaí na hÉireann. Tá plé oscailte agus díospóireacht ar na dúshláin rithábhachtacha seo buntábhachtach ó thaobh oiriúnú go rathúil. In 2010, inár gComhdháil Náisiúnta, díritear ar an téama de *Ag Tógáil ar Mhuinín agus Iontaoibh sa Riarachán Poiblí*, agus san áireamh bhí óráidí ón Uachtarán Mary McAleese agus an Iar-Taoiseach John Bruton. Baineann dea-rialachas le muinín a chothú, agus in 2010 inár bhFóram díríodh ar shaincheistanna tábhachtacha amhail sceithreacht, rialachas rialála agus inniúlacht sa seomra boird.

Níl foilsitheoireacht chomh cáiliúil agus atá gníomhaíochtaí eile an Fhorais, ach is ceann de na gníomhaíochtaí is tábhachtaí í áfach. Creidimid go bhfuil ról tábhachtach ag an bhForas maidir lena ghníomhaíocht foilsitheoireachta um fhaisnéis a thaifeadh agus a scaipeadh agus tuiscint an riaracháin phoiblí a mhéadú. Chomh maith leis an *Bhliainiris & Dialann Riaracháin* sárdhíola, ar foilsíodh an 45ú heagrán di in 2010, d'fhoilsigh an IPA roinnt téacsanna tábhachtacha eile le linn na bliana, lena n-áirítear *Ireland at the United Nations*, le Iar-Ambasadóir Noel Dorris; *By Dail Account: Auditing of Government, Past, Present and Future*, le Gay Mitchell, Feisire de Pharlaimint na hEorpa; agus *The Houses of the Oireachtas*, arna eagrú ag Muiris MacCarthaigh agus Maurice Manning.



Máire Mhic Ghiolla Íosa, Uachtarán na hÉireann ag caint ag Comhdháil Náisiúnta an Fhorais, dar teideal *Ag Tógáil ar Mhuinín agus Iontaoibh sa Riarachán Poiblí*.

TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA

Tá ról ag an bhForas ó na seascaidí ar aghaidh maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na seirbhíse poiblí ar bhonn idirnáisiúnta, agus ní hamháin tacú le hacmhainní a fhorbairt i dtíortha eile ach freisin chun plé a spreagadh idir seirbhís phoiblí na hÉireann agus an tseirbhís phoiblí idirnáisiúnta. In 2010, leanadh ar aghaidh leis an IPA i gceannas de thionscadal um fhorbairt acmhainne i Macedonia agus chuidigh sé le tionscadail sa Tuirc agus sa Chróit. Sheachadamar roinnt dár gcláir oideachais agus oiliúna go hidirnáisiúnta, agus ag deireadh 2010, thángthas ar chomhaontú maidir le seachadadh ár MA sa Cheannasaíocht agus Straitéis don tseirbhís phoiblí shinsearach in Leosóta.

Ba é ár dtríú chuspóir ná seasamh straitéiseach a thabhairt don Fhoras don mheántearma agus don fhadtearma. Agus ag cuimhneamh air seo, ó dheireadh 2009, bhí raon deiseanna le haghaidh páirtíochta le hollscoileanna Éireannacha á meas ag Bord agus Bainistíocht an Fhorais. Luathaíodh tuilleadh leis an bpróiseas seo in 2010, go háirithe ag feitheamh ar fhoilseacháin na straitéise náisiúnta nua maidir le hard-oideachas. Ós rud é gur soláthraí oideachais ollmhór é an Foras d'earnáil phoiblí na hÉireann, le taifead atá á méadú de sholáthar oideachais i mbainistíocht phoiblí do mhic léinn idirnáisiúnta, ceapadh go mbeadh sé tráthúil é féin a chur in iúl mar an ghníomhaireacht d'fhorbairt ghairmiúil ollmhór do státseirbhísigh. Cé go raibh naisc láidre ag an bhForas go traidisiúnta le cleachtas sna comhlachtaí seirbhíse poiblí, bhí gá le forbairt de chomhpháirtíocht fhoirmiúil le hollscoil taighde agus múinteoireachta ollmhór d'fhonn tuilleadh feabhsaithe a chur ar na seirbhísí atá ar fáil dár gcliainnt agus an cháil atá ar ár gcláir. Faoi dheireadh 2010, thángthas ar chomhaontú le UCD comhpháirtíocht fhoirmiúil a chruthú, agus dá bharr beidh an Foras mar choláiste aitheanta de UCD in 2011, ach fós coinneoidh sé a stádas neamhspleách. Mar thoradh air seo agus ar chur i gcrích straitéis nua don tréimhse 2011–2015 creidimid go mbeidh an Foras i seasamh níos láidre chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le teacht, agus chun comhlíonadh níos fearr le riachtanais ár gcliainnt.

Ní bhainfimis na torthaí seo amach gan an athléimneacht, dílseacht agus solúbthacht dár bhfoireann, ár n-acmhainn is luachmhara. Ó thaobh straitéise de, ba bhliain an-shuntasach í chun treoracha nua a shocrú don Fhoras agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord, agus le fochoistí éagsúla an Bhoird, dá dtiomantas agus treoir le linn na bliana tábhachtaí seo. Agus faoi dheireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcliainnt dhílse agus leis na cliainnt nua a d'iarr ar ár seirbhísí le linn 2010.



Brian Cawley

Brian Cawley

Brian Cawley

Ard-Stiúrthóir

8

OIDEACHAS



OIDEACHAS

OLLSCOIL NA HÉIREANN

Tagann gradaim oideachais as cláir oideachais an Fhorais atá creidiúnaithe ag Ollscoil na hÉireann (OÉ), ar coláiste aitheanta dá chuid é an Foras Riaracháin (IPA).

I gcaitheamh na bliana 2009/2010, thairg an Foras sraith de chlár fochéimithe agus iarchéimithe idir leibhéal 6 agus leibhéal 9 den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí.

Bhí an searmanas bronnta do chéimithe Ollscoil na hÉireann ar siúl ar an 30 Samhain agus 01 Nollaig 2010 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath inar bronnadh céimeanna ar 850 réamhchéimí.

CLÁIR FOCHEIMITHE

Cuireadh na cláir shuaitheanta - BA (Onóracha) agus an BBS (Onóracha) - ar fáil trí úsáid a bhaint as trí mhodh seachadta: léachtaí ag an IPA, léachtaí ag ionaid réigiúnacha agus cianoideachais.

In 2009/2010, tairgeadh seacht sainchlár ar an BA (Onór.) agus ceithre cinn ar an BBS (Onór.).

Ag leibhéal dioplóma tairgeadh sé shainchlár i réimse na bainistíochta poiblí agus ceithre cinn i staidéar gnó. In 2009/2010, cuireadh ar fáil cúig dhioplóma saincheaptha i Staidéir an Aontais Eorpaigh, Eacnamaíocht Sláinte, Bainistíocht Acmhainní Daonna, Dlí agus Bainistíocht. In 2010, cláraíodh an chéad chohórt de mhic léinn, comhairleoirí agus státseirbhísigh go príomha ar Teastas nua i Rialtas agus Polaitíocht na hÉireann.

B'é líon foriomlán na mac léinn fochéimithe in 2010 ná thart ar 960 duine.

MÁISTIR EALAÍON

Tá bliain choiteann ag cláir MA an Fhorais sa chéad bhliain dá mbrontar dioplóma iarchéime. Sa dara bliain, téann mic léinn ar aghaidh chun sé shainréimse a bheith mar rogha acu. I 2010 ba é líon iomlán na mac léinn ar na cláir MA ná thart ar 180.

DOCHTÚIREACHT SA RIALACHAS

Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta sa Rialachas, a thairgtear i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste, in 2003 agus bronnadh céimeanna ar na chéad chéimithe in 2006. Bhí thart ar 40 mac léinn cláraithe sa chlár dochtúireachta in 2010.



AR BARR
Dr Michael Mulreany
Leas Ard-Stiúrthóir

AR LÁR
Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céime an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí na Gardaí seo a leanas ó Chorcaigh, a fuair BA (Onór) Riaradh an Cheartais: Ciara O'Callaghan, Adrian Gamble, Conor Egan, John O'Connell agus Sean Killigrew.

AR BUN
Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céime an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Tom Considine, Uachtarán, An Foras Riaracháin; An Dr Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, An Foras Riaracháin; John O'Brien, céad áit, BBS (Hons) Margaíocht; An Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir, OÉ; An Dr Frank Murray, Cathaoirleach, Coiste Oideachais, An Foras Riaracháin; agus an Dr Michael Mulreany, Leas Ard-Stiúrthóir, An Foras Riaracháin.

OIDEACHAS

MEconSc SAN ANAILÍS AR BHEARTAIS AGUS DIPLÓMA IARCHÉIME IN ANAILÍS AR BHEARTAIS

Cláir dhá bhliain atá sa MEconSc in Anailís ar Bheartais. Déanann na mic léinn staidéar ar raon ábhar a bhaineann le beartas sa chéad bhliain, agus oibríonn siad ina rannóga ar thráchtais fheidhmeacha sa dara bliain. In 2010, chláraigh deichniúr mac léinn ar an gclár agus fuair triúir mhac léinn déag céim ina dhiaidh dóibh an clár a chríochnú.



AR BARR

Sa phictiúr ag searmanas bronnta an Fhorais de ghradaim Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Richard Belton, an chéad áit, Diplóma i Staidéir an Aontais Eorpaigh, agus an Dochtúir, Michael Mulreany, Leas-Ardstiúrthóir, IPA.

DARA ÍOMHÁ

Sa phictiúr ag searmanas bronnta an Fhorais de ghradaim Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Linda Scully, BA (Onóracha) Bainistíocht Acmhainní Daonna, agus a iníon Ellen Garvey.

TAIGHDE

Research Paper N°2

Public Sector Trends 2010

Richard Boyle




TAIGHDE

Mar a luadh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, tá foireann lánaimseartha, beag díograiseach ag an bhForas Riaracháin a thugann faoi thaighde feidhmeach le haghaidh ranna rialtais agus comhlachtaí eanála poiblí eile. Tá ardmheas anseo agus thar lear ar obair thaighde na rannóige seo. Mar a d'aithin foireann athbhreithnithe na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), acmhainn taighde údarásach, ar leith atá sa chorp eolais a chruthaíonn an Rannóg Taighde don Choiste do Thaighde ar Bhainistíocht Phoiblí (www.cpmr.gov.ie), a chuimsíonn beagnach gach gné de chlár nuachóirithe na seirbhíse poiblí.

An príomhghníomhaíocht a bhaineann le forbairtí nua in 2010 ab ea an tús a cuireadh leis an sraith taighde IPA State of the Public Service. Leis an tionscnamh seo tá sé ar intinn taifead a choimeád de bhunathrú na seirbhíse poiblí agus dearcadh le fianaise a chur ar fáil maidir le hathrú sa tseirbhís phoiblí, lena n-éascaítear do phríomh-rannpháirtíocht na meán agus do ghníomhaíochtaí eile den IPA. Tá sé seo i gcomhréir leis na cuspóirí straitéiseacha de 'ghuth' an IPA maidir le príomhghnéithe an chláir bhunathraithe a fhorbairt, seasamh an IPA i leith príomhghnéithe áirithe bunathraithe a fhorbairt, agus cáil an IPA mar fhoinsé saineolais i réimsí sainiúla áirithe a mhéadú. Foilsíodh dhá thuarascáil mar chuid den sraith seo i 2010:

- Páipéar Taighde Uimh. 1, sa *National Non-Commercial State Agencies in Ireland*, déantar scrúdú ar na hathruithe a tháinig ar thírdhreach na ngníomhaireachtaí neamhthráchtála in Éirinn, agus cuirtear béim ar chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta chun díriú ar shaincheisteanna maidir le ról, feidhmiúchán agus rialachas corparáideach na ngníomhaireachtaí.
- Páipéar Taighde Uimh. 2, sa *Public Sector Trends 2010*, cuirtear béim ar shonraíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le feidhmiúchán, méid agus costas na seirbhíse poiblí, leis an aidhm de shonraíocht tagarmharcála a fhorbairt a fhéadfaidh a úsáid chun saincheisteanna um fheidhmiúchán na seirbhíse poiblí a mhúscailt chomh maith le saincheisteanna táirgiúlachta nuair a fhéadtar.

Tríú tuarascáil dár dteideal *Organisational Capacity in the Irish Civil Service*: Críochnaíodh cuid mhaith de An Examination of the Organisational Review Programme, agus beidh sé réidh le foilsiú go luath in 2011. Tá na tuarascálacha ar fáil ag http://www.ipa.ie/State_of_the_Public_Service_Series.



TAIGHDE

San áireamh sna príomhréimsí ioncaim ó thairiscintí/ taighde coimisinithe idirnáisiúnta in 2010 bhí:

- Cur i gcrích den tuarascáil dheiridh maidir le haosú sa tseirbhís phoiblí don Aonad Éifeachtúlachta Hong Kong (http://www.eu.gov.hk/english/publication/pub_bp/files/ageing_in_public_service.pdf);
- Cur i gcrích de chás-staidéar Éireannach mar chuid de staidéar idirnáisiúnta ar rialachán fóntas (REGUNET) arna chomhordú ag an Aonad um Bainistíocht Phoiblí ag Katholieke Universiteit Leuven.

Rinneadh tionscadail chomhairleoireachta taighde éagsúla in Éirinn, is iad sin:

- Taighde ar chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta do Chumann na bPríomhfheidhmeannach de Ghníomhaireachtaí Stáit maidir le saincheisteanna rialachais agus feidhmiúcháin do ghníomhaireachtaí stáit;
- Cás-Staidéar ar chruthaitheacht agus feidhmiúchán;
- Soláthar de pháipéar taighde maidir le rannpháirtíocht na hearnála poiblí d'acmhainn iomaíochta náisiúnta do Chumann na Státseirbhíseach;
- Soláthar de staidéar taighde maidir le maoiniú poiblí den earnáil aoise neamhrialtais in Éirinn don Older & Bolder Agency;
- Tuarascáil *rialachas ollscoile* maidir le rialachas corparáideach in institiúidí tríú leibhéal (i gcomhpháirtíocht le Fóram Rialachais an IPA);
- Soláthar de cheithre fheasachán beartais an AE agus dhá eagrán den *Local Authority Times* mar chuid den tseirbhís faisnéise d'údaráis áitiúla ar feadh na bliana.

Bhí comhoibriú taighde i gceist san obair a rinneadh in 2010. Chaith ball den fhoireann taighde leath dá am ag obair leis an Geary Institute in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ar thionscadal taighde 'Mapping the State' arna urrú ag an gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta. I gceist sa tionscadal bhí forbairt bhunachar sonraí na n-institiúidí Éireannacha (<http://www.isad.ie/>).



Foireann Taighde (c - d): Muiris Mac Cárthaigh; Deirdre Mooney; Richard Boyle, Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidreamh Corparáide; Orla O'Donnell; agus Joanna O'Riordan.

TAIGHDE

Tá an comhoibriú idirnáisiúnta leis an Institiúid um Bainistíocht Phoiblí den Katholieke Universiteit Leuven, An Bheilg fós an-torthúil. San áireamh sa tionscadal comhoibríthe reatha - rannpháirtíocht i gclár COST arna maoiniú ag an AE maidir le cruthú gníomhaireachta - tá taighde comparáideach i roinnt tíortha Eorpacha, chomh maith le i líon beag de thíortha eile. Sa bhliain 2010 chonacthas aighneachtaí agus tuairisciú na rannpháirtíochtaí Éireannacha mar chuid den tionscadal iontach seo, atá le tuarascáil a thabhairt in 2011. Mar chuid den chomhoibriú seo, bhí ball den fhoireann taighde mar chomhúdar de leabhair ina gcuirtear i gcomparáid gníomhaireachtaí in Éirinn, san Iorua, i bhFlóndras agus d'fhoilsigh Palgrave é go luath in 2010. Rachfar sa tóir ar thuilleadh deiseanna do chomhoibriú sna blianta atá le teacht.

Thug baill den Rannóg Thaighde cur i láthair, faisnéisiú agus seisiúin oiliúna ag raon leathan de sheimineáir, comhdhálacha agus ócáidí eile, agus lean siad orthu ag foilsiú alt agus tuarascálacha. Ghlac baill foirne páirt i ndíospóireachtaí poiblí i gcló, ar an teilifís agus ar an raidió, maidir le gnéithe a bhaineann le rialachas poiblí na hÉireann le linn na bliana.

Bhí an rannóg taighde páirteach go gníomhach i raon leathan de thionsnaimh an Fhorais. Mar shampla, ghlac baill foirne páirt i gComhdháil Náisiúnta an IPA in 2010, lena n-áirítear caint ar *Muinín, Luachanna agus Freagracht* a sheachadadh. Ina theannta sin, leanann baill foirne orthu comhoibriú le comhghleacaithe ó na Rannóga Oideachais, Oiliúna agus Foilseacháin maidir le cur le soláthar de sheirbhísí comhairleoireachta, cúrsaí oiliúna (forbairt agus soláthar de dhá mhodúl de Dhioplóma nua ó Ollscoil na hÉireann i Staidéir Státseirbhíse), cur i láthair seimineáir, agus caint/cruinnithe le toscairí idirnáisiúnta a bhí ar cuairt (mar shampla toscaire na Macadóine i mí an Mhárta 2010); an soláthar bliantúil de staitisticí don *Bhliainiris & Dialann Riaracháin*; agus rannpháirtíocht i seachadadh chlár oideachais agus maoirseacht ar thráchtais iarchéime.

OILIÚINT & FORBAIRT



OILIÚINT & FORBARTHA

Ba bhliain an-rathúil í, le héileamh inbhuanaithe d'oiliúint, forbairt, seirbhísí tacaíochta agus comhairleacha, agus do chlár ó chomhlachtaí gairmiúla, creidiúnaithe, seachtracha, chomh maith le lucht féachana láidir don raon éagsúil de chomhdhálacha, seimineáir agus ócáidí ceardlainne a reáchtáladh ar feadh na bliana. Dhírigh na hócáidí seo ar roinnt de na saincheisteanna is tábhachtaí maidir le rialachas agus bainistíocht phoiblí in 2010 agus éascaíodh díospóireacht agus plé dúshlánach ina raibh polaiteoirí sinsearacha, státseirbhísigh, saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta bainteach ann.

Leis an gClár um Cheannasaíocht i Rialtas Áitiúil, leanadh le tarraingt de ghrúpa éagsúil d'iarrthóirí le hacmhainní arda ach ó raon leathan d'údarais áitiúla ar fud na hÉireann. Trí cuairteanna staidéir agus athbhreithnithe ar chórais sheachtracha, fuair rannpháirtithe tuiscint ar an gclár oibre athchóirithe do sheirbhísí poiblí i dtíortha eile, agus mar sin bhí siad ábalta measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhfuil tábhacht shonrach ag baint leo in Éirinn. Leis an tSraith um Bainistíocht Straitéiseach, leanadh le mealladh de líon mór lena gcuirtear béim ar theoiric agus cleachtas cumaisc chun cabhrú le feidhmeannaigh shinsearacha i ndearadh agus cur i bhfeidhm de chlár bhainistíochta i gcomhréir le dúshlán na hearnála poiblí atá ag teacht chun cinn.

Arna seachadadh i bpáirt le Cambridge Leadership Associates, MA, dámh sinsearach ionchorpraithe ón John F. Kennedy School of Government at Harvard, tá an Leadership Challenge Programme dírithe ar státseirbhísigh shinsearacha agus deartha chun acmhainn cheannasaíochta a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt do bhunathrú agus athrú i riarachán poiblí. I gcomhthéacs na n-athruithe móra atá roimh gheilleagar na hÉireann agus an earnáil phoiblí, tá an múnla ceannasaíochta oiriúnaitheach ábhartha agus infheidhmithe, agus léiríodh é seo san éileamh an-shuntasach don chlár in 2010. I measúnú a rinneadh in 2010 chun tionchar an chlár a mheas, deimhníodh go raibh tionchar fíormhór aige ar na daoine ar ghlac páirt ann, le fianaise shoiléir d'iompraíocht agus cur chuige difriúil.

Leanann an Fóram Rialachais a bhfuil ina chúigiú bliain ar aghaidh, ag méadú agus aithnítear é mar sheirbhís uathúil, tábhachtach don earnáil phoiblí, le béim áirithe ar an stát, leas an phobail agus eagraíochtaí leasa poiblí. Sa chlár de sheirbhísí agus gníomhaíochtaí tacaíochta in 2010, díríodh ar na dúshláin chomhaimseartha, tábhachtacha de dea-rialachas a chur i bhfeidhm, agus sna hócáidí bhí socruithe um rialachas rialála, Cód Dea-Rialachas, an Caighdeán ISO nua maidir le Bainistíocht Riosca agus inniúlachtaí an seomra boird. Chabhraigh an fhoireann fóraim le go leor eagraíochtaí le hathbhreithnithe neamhspleácha



Sa phictiúr (ó chlé go deis) ag searmanas bronnta an Fhorais de ghradaim Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Mark Kehoe, Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, Mairéad Treanor, Met Éireann; Martin Speers, Stiúrthóir an Chláir, IPA; agus Frank Woods, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, a fuair Teastas i mBainistíocht Tionscadail.

OILIÚINT & FORBARTHA

ar chomhlíonadh le ceanglais dhlíthiúla agus rialachas rialála, measúnú boird agus measúnuithe inniúlachta agus seirbhísí ábhartha.

I mí an Mhárta, réachtáladh ócáid speisialta lena ndírítear ar an téama de dea-rialachas - *Values and Culture or Rules and Regulation* - agus bhí páirt ag Emily O'Reilly, Michael Noonan, Pat Rabbitte agus Sean Ardagh ann. Bhí an deis uathúil ag an lucht féachana mór seo éisteacht le agus tuairim a thabhairt faoin dearcadh aonair agus comhchoiteann den phainéal ar shaincheisteanna tábhachtacha do sheirbhísí poiblí agus don tsochaí i gcoitinne.

Bhí réimsí an-ábhartha i gceist sa sceideal gnóthach, éagsúil de sheimineáir a tionóladh le linn 2010. Díríodh ar dhúshláin cheannasaíochta agus acmhainní daonna, agus ba iad Maureen Gaffney, Bryan Andrews agus Kieran Mulvey na haoichainteoirí. Ar an ábhar maidir le rialtas agus straitéis, san áireamh ar an bpainéal bhí D. Higgins, TD, Jim Glennon agus an Ardrúnaí a d'imigh ar scor le déanaí, Brendan Tuohy. Ina theannta sin, tionóladh seimineár speisialta ar Fhreagracht sa tSeirbhís Phoiblí agus Coistí Oireachtais, le painéal ina raibh Darragh O'Brien, TD, Art O'Leary ó Thithe an Oireachtais agus Julie O'Neill.

B'ócáid an-ábhartha eile é *Crisis Management — Lessons for Cross-Government Working*, agus san áireamh bhí rannpháirtíocht ó Alan Reilly, Príomhfheidhmeannach an Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; Sean Hogan ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil; agus Brendan Kenny, Príomhfheidhmeannach de Limerick Regeneration Agencies. Faoi dheireadh, chun a bheith comhthráthach le Buiséad 2010, réachtáladh seimineár buiséid speisialta ar na himpleachtaí a bheadh ann do sheirbhísí poiblí i mí na Nollag, agus san áireamh sna daoine ar ghlac páirt ann bhí an tOllamh John Fitzgerald, an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta; Dan O'Brien, *The Irish Times*; Lord Andrew Adonis, Iar-Rúnaí, UK Cabinet Office; agus an Dochtúir Richard Boyle.

D'eagraigh an Foras comhdhálacha speisialta chomh maith d'earnáil an rialtais áitiúil, agus réachtáladh roinnt de sheimineáir a bhaineann le beartas agus an-ábhartha ó thaobh straitéise de d'fhoireann ó údarais áitiúla. Ina theannta sin, seachadadh clár oiliúna reachtaíochta an-rathúil i roinnt údarais áitiúil, lena cuireadh tuiscint shoiléir faoin bpróiseas reachtaíochta ar fáil do na rannpháirtithe, chomh maith le formáid agus struchtúr na reachtaíochta, príomhfhreagrachtaí agus ról na n-údarais áitiúil maidir le reachtaíocht a chur i bhfeidhm.



Sa phictiúr ag searmanas bronnta an Fhorais de ghradaim Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dochtúir Attracta Halpin, Cláraitheoir, OE agus John Reilly, Diplóma i mBainistíocht Chúram Sláinte.

OILIÚINT & FORBARTHA

Chomh maith leis na cláir arna gcreidiúnú ag Ollscoil na hÉireann, leanaimid orainn ag cur cláir ar fáil le haghaidh ballraíochta foirmiúla de chomhlachtaí gairmiúla, lena n-áirítear An Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra, (CIPD), An Institiúid Chairte um Airgeadas agus Cuntasaíocht Phoiblí, agus Mediators' Institute of Ireland.

In ainneoin na laghdúithe sa bhuiséad oiliúna don earnáil phoiblí, bhí éileamh inbhuanaithe fós ann laistigh de na réimsí amhail ceannasaíocht agus bainistíocht, airgeadas agus iniúchadh, agus bainistíocht acmhainní daonna. Bhí méadú ar líon de shraith sheimineáir an CPD do chuntasóirí gairmiúla san earnáil phoiblí in 2010. Ina theannta sin, d'éirigh go hiontach leis an gclár um bainistíocht acmhainní daonna saincheaptha d'údaráis áitiúla in 2010, agus lean ár gclár bunaithe ar idirghabháil san ionad oibre ag mealladh líon mór daoine. Fuarthas faomhadh foirmiúil don teastas CIPD nua freisin, agus thosaigh an chéad chohórt de mhic léinn ag deireadh na bliana.

Sheol na Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna TF, i gcomhpháirtíocht le Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Faisnéisíochta agus, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath cáilíocht iarchéime nua do chéimithe nach bhfuil céim ríomhaireachta acu – MSc san Eolaíocht Ríomhaireachta. Reáchtáladh an clár, a mheall mic léinn náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar champais Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath agus an IPA araon. Ba mhór an t-éileamh a bhí ar sheirbhísí oiliúna TF, le seirbhísí breise i réimsí amhail fíorúlú agus néalríomhaireacht á gcur ar fáil chomh maith le hoiliúint úsáideora deiridh atá níos traidisiúnta.

San áireamh sa chomhairleoireacht a rinneadh in 2010 bhí obair le príomhfheidhmeannaigh agus foirne sinsearach a ó na hearnálacha reachtúla agus deonacha chun na pleananna straitéiseacha a ullmhú dá n-eagraíochtaí; próisis chomhairliúcháin a reáchtáil le príomhpháirtithe leasmhara; athbhreithnithe eagraíochta a chur ar fáil; comhairliúchán poiblí maidir leis an White Paper on Crime a éascú; measúnuithe seirbhíse a dhéanamh le heagraíochtaí ón earnáil sláinte sna hearnálacha reachtúla agus deonacha araon, agus idirnáisiúnta chomh maith; agus forbairt acmhainne a chur ar fáil do ghníomhaireacht oiliúna idirnáisiúnta san earnáil phoiblí.

Tá éileamh láidir fós ann do chláir chreidiúnaithe d'fhoghlaim fheidhmeach, phraiticiúil. Lean na cláracha teastais agus dioplóma ag clárú uimhreacha arda daoine, le tinnreamh níos airde ná mar a bhí iontu an bhliain roimhis. Forlónadh an Teastas i Staidéir um Státseirbhís agus Gníomhaireachtaí Stáit le creidiúnú de dhioplóma a chuireann bealach foghlama eile ar fáil do mhic léinn a n-éiríonn leo an clár teastais a bhaint amach. Cuirtear na léachtaí agus ranganna teagaisc ar fáil go lárnach agus i suíomh réigiúnach.



Sa phictiúr (ó chlé go deis) ag searmanas bronnta an IPA de dhámhachtainí Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Jennifer Murtagh; Siobhán Mooney; Philip Byrne, Stiúrthóir an Chláir, IPA; Fiona Casserly; Maura Daly; agus Bridget Daly ó Chomhairle Contae na Mí, a fuair Teastas i Staidéir Rialtais Áitiúil.

SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA



SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA

2010: CLIÚ IDIRNÁISIÚNTA AN FHEABHAIS A CHOTHÚ

Ba é 2010 an bhliain dheireanach d'fhorfheidhmiú na Straitéise Seirbhísí Idirnáisiúnta mar a d'fhaomh Bord é i Feabhra 2005. Ar bhonn an dearcaidh chúig bliana seo, chuir an Foras tús le hidirghabhálacha tiománaithe don earnáil chun a láithreacht idirnáisiúnta a mhéadú tuilleadh agus chun a fheidhmiúcháin a chomhdhlúthú in áiteanna straitéiseacha.

Chomhlíon an tAonad Seirbhísí Idirnáisiúnta (ISU) ar phríomheilimintí a straitéise trí dhírú ar thionscadail chúnaimh thiomanta don earnáil phoiblí a sheachadadh agus aistriú thairbhí státseirbhíse an hÉireann a éascú go tíortha atá gafa le próisis athchóirithe agus aistrithe. Rinneadh é seo de réir réimsí téamacha oibriúcháin, go háirithe i leasú riaracháin phoiblí, méadú toillte agus i bhforbairt geilleagair/réigiúnach.

Ó 2005 thug an Roinn Gnóthaí Eachtracha (DFA) tacaíocht do chuid mhaith de ghníomhaíochtaí an ISU. I mbliana a soláthraíodh na coda deireanacha den clár Gnóthaí AE a bhí maoinithe ag an DFA sa Chróit agus sa Mhacadóin, ag féachaint chuig aistriú saeolais agus fios gnó a éascú ó earnáil phoiblí na hÉireann go haireachtaí, ranna agus gníomhaireachtaí poiblí i Zagreb agus Skopje. Dhírigh na gníomhaíochtaí seo ar dhúshlán chomhtháthaithe an AE atá roimh an dá thír, de réir mar a oibríonn siad i dtreo ballraíocht iomlán den Aontas, agus cuimsíodh, faoi seach seachadadh oiliúna ar scileanna idirbheartaithe i ndearcadh méadaithe an AE d'oifigigh na Macadóine agus soláthar de shaineolas ardleibhéil de dhréachtú an Clár Feidhmiúcháin um Fhorbairt Acmhainne Riaracháin d'Aireacht na Cróite um Riarachán Poiblí.

Ina theannta sin, sheachaid an ISU deich seisiún den chlár oiliúna um Ghnóthaí an AE (córais iniúchta agus próisis do chistiú struchtúrach an AE, agus bainistíocht agus monatóireacht ar chláir feidhmiúcháin) do státseirbhísigh ó bhallstáit nua san AE agus na tíortha aontacha don AE.

Cuireadh i gcrích clár tacaíochta déthaobhach don Tuirc sa réimse ioncaim, a thosaíodh in 2006, agus don chlár baineadh leas as comhoibriú na foirne de na Coimisinéirí Ioncaim atá lonnaithe sa Luimneach.

Chomh maith leis na nithe atá thuasluaite, bhí páirt ghníomhach ag an ISU maidir le tionscadail a aimsiú arna mbronnadh ag tairiscintí idirnáisiúnta. Go háirithe, bhainistigh an t-aonad tionscadail cláir shuntasach arna maoiniú ag an AE sa Mhacadóin, lena tugadh cabhair don Ghníomhaireacht Státseirbhíse náisiúnta chun curaclam oiliúna freagrúil agus ábhartha a chur le chéile agus chun seachadadh éifeachtach agus nua-aimseartha de chláir forbartha agus foghlama a chinntiú do státseirbhísigh na Macadóine. Leis an tionscadal seo, an chéad



Nicolas Marcoux
Ceann an Aonaid Idirnáisiúnta

SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA

tionscadal dá leithéid don IPA mar cheannasaí de chuibhreannas idirnáisiúnta, léiríodh an cuspóir foriomlán arna leagan amach sa straitéis an ISU chun feabhas a chur ar sholáthar na seirbhísí idirnáisiúnta don ghníomhaireacht, lena gcuirtear béim ar an IPA agus ar an ngníomhaireacht i mbealach comhionann.

D'eagraigh an IPA roinnt turas staidéir ad hoc agus cláir mhalartaithe chomh maith d'fhonn feidhmiúcháin, struchtúir agus rath de Státseirbhís na hÉireann go lárnach agus go háitiúil a thaispeáint do thíortha eile. Bhain oifigigh na Macadóine agus na Rúise leas as cuairteanna staidéir dá leithéid in 2010.

Lean an Foras air ag feidhmiú mar phointe teagmhála náisiúnta d'Éirinn i 2010, do shocruithe comhcheangail idir Éirinn agus oirthear, lár agus iardheisceart na hEorpa. Thóg sé ról air féin mar phointe teagmhála náisiúnta do Chlár Saoránach na hEorpa, comhghaoinithe ag an AE agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt.

SEIRBHÍSÍ LEABHARLANN & EOLAIS



SEIRBHÍSÍ LEABHARLANN & EOLAIS

Tá sé mar shainchúram ar an Leabharlann tacú le gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna agus taighde an Fhorais – acmhainn speisialaithe um riarachán poiblí agus bainistíocht phoiblí atá á húsáid go forleathan ag mic léinn, ag cliaint, agus ag an bhfoireann. Soláthraíonn an Leabharlann seirbhís faisnéise, tagartha, agus iasachtaí d'úsáideoirí éagsúla ata scaipthe ar fud na tíre.

Níl sa Leabharlann ar Bhóthar Lansdún ach cuid bheag, go coibhneasta, de Sheirbhís Leabharlainne an Fhorais. Soláthraíonn sé seirbhís teileafóin, phoist, agus r-phoist (library@ipa.ie) le haghaidh mic léinn cianoideachais agus ball nach bhfuil lonnaithe i gceantar Bhaile Átha Cliath. Tig le mic linn dul i dteagmháil le foireann na Leabharlainne, nó úsáid a bhaint as na seomraí léitheoireachta, le linn na dtéarmaí, ó 9.15 r.n. go dtí 8.30 i.n. ón Luan go Déardaoin, agus go dtí 5.30 i.n. ar an Aoine. Tá an Leabharlann oscailte ar bhonn teoranta gach Satharn agus ar an Domhnach don chuid is mó le linn na dtéarmaí. Is féidir teacht ar shonraí uaireanta oscailte atá cothrom le dáta ina n-iomlán ar shuíomh Gréasáin an Fhorais Riaracháin.

Istigh sa leabharlann tá breis is 30,000 leabhar, 250 cruachóip de theideal tréimhseacháin, staidéir thaighde, tuarascálacha bliantúla, foinsí tagartha, sonraí staitistiúla, agus méadú ar líon na n-irisleabhar lántéacs á soláthair go leictreonach, i dteannta le háiseanna cuardaithe bunachar sonraí lántéacs ar fáil freisin.


Is féidir rochtain chianda a fháil ar chatalóg na Leabharlainne ar shuíomh Gréasáin an Fhorais Riaracháin (www.ipa.ie/library).

Soláthraíonn an Leabharlann seirbhís soláthair faisnéise agus cáipéisí atá bunaithe ar a hacmhainní féin agus déantar seo a fhorlíonadh le raon seirbhísí faisnéise seachtracha éagsúla a bhfuil fáil aici orthu.



Patricia Trotter
Leabharlannaí

FOILSITHEOIREACHT



FOILSITHEOIREACHT



Sa bhliain 2010 foilsíodh roinnt leabhar, a chlúdaíonn an t-íomad ábhar éagsúil, i dteannta leis an 45ú eagrán den *Administration Yearbook & Diary* agus an *Administration Yearbook Mailing Database CD-ROM*.

Foilsíodh ceithre inleabhar den tréimhseachán ráithiúil, *Administration*, ag áireamh eagrán speisialta ar *Seirbhísí Tacaíochta Teaghlach*. Lean an Rannóg Foilseachán chomh maith de roinnt tionscadal comhairliúcháin a dhéanamh d'eagraíochtaí earnaála poiblí eile.

LEABHAIR A FOILSÍODH I 2010

Bhí bliain thorthúil eile ag Coiste Foilsitheoireachta Leabhar an Fhorais, agus iad i bhfeidhil roinnt tairiscintí leabhar a sheoladh isteach go foilsitheoirí. D'fhoilsigh an Foras cúig príomhtheideal le linn 2010:

- *Competing in an Uncertain World: Institutional Change in the Irish State (Issues in Public Administration Series)* le Eddie Lewis a foilsíodh i mí Aibreáin.
- *Ireland of the Illusions: A Sociological Chronicle 2007-2008, in eagar ag Mary Corcoran agus Perry Share*, a foilsíodh chomh maith i mí an Aibreáin.
- *Ireland at the United Nations: Memories of the Early Years* le Noel Dorr a seoladh i mí Bealtaine sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, Teach Uíbh Eachach; aoi onóra ab ea Micheál Martin, TD, Aire Gnóthaí Eachtracha.
- *By Dáil Account: Auditing of Government, Past, Present and Future* le Gay Mitchell a seoladh i mí Deireadh Fómhair in Oifigí Pharlaimint na hEorpa; an aoi onóra ab ea Liam Cosgrave, Iar-Thaoiseach.
- *Tithe an Oireachtais: Parliament in Ireland*, in eagar ag Muiris Mac Cárthaigh agus Maurice Manning, a seoladh i mí na Samhna i dTithe an Oireachtais le Séamus Kirk, Ceann Comhairle, agus Pat Moylan, Cathaoirleach.



FOILSITHEOIREACHT

TUARASCÁLACHA TAIGHDE FOILSITHE

Foilsíodh roinnt tuarascálacha ar son Rannóg Taighde an Fhorais, in a measc:

- *Ageing in the Public Service*, a report for the Hong Kong Efficiency Unit;
- Research Paper No. 1, *National Non-Commercial State Agencies in Ireland* (State of the Public Service research series), le Muiris Mac Cárthaigh;
- Research Paper No. 2, *Public Sector Trends 2010* (State of the Public Service research series), le Richard Boyle.

TRÉIMHSEACHÁIN

Foilsíodh an *Administration Yearbook & Diary 2011* i mí na Nollag. Is éard atá sa 45ú eagrán ná nuálaíochtaí agus feabhsuithe a chuireann le húsáideacht na Bliainrise.

Foilsíodh ceithre imleabhar de thréimhseachán an Fhorais, *Administration*, i gcaitheamh na bliana ina raibh i measc go leor eile: *Review of Developments, Structure and Management in the Public Sector 2009* le Mark Callanan, John Curry, Eamon Lynch, Muiris Mac Cárthaigh, Tom Ward and Stephen Weir (in eagar ag Tony McNamara).

COMHAIRLIÚCHÁN FOILSITHEOIREACHTA

Lean Rannóg na bhFoilseachán dá shaineolas a chur ar fáil ó thaobh tionscadail foilsitheoireachta a tháirgeadh agus a bhainistiú ar son eagraíochtaí earnála poiblí eile.

- Foilsíodh an *The Irish Probation Journal* thar ceann an Probation Service agus Probation Board, North/South Ireland.
- *Seirbhís Eolaíochta: Foilsíodh History of the Union of Professional and Technical Civil Servants* thar ceann cheardhumann na Státseirbhíseach Gairmiúla agus Teicniúil.
- *Documents on Irish Foreign Policy, Imleabhar 7: Foilsíodh 1941-1945* thar ceann Acadamh Ríoga na hÉireann.
- Cuireadh seirbhísí eagarthóireachta agus promhléitheoireachta ar fáil don Oifig Naisiúnta um Foréigean sa Teach, Gnéasach agus Inscne (COSC).

Tá liosta iomlán d'fhoilseachán an Fhorais ar fáil i Leabhair i gCló ar shuíomh Gréasáin an Fhorais Riaracháin (www.ipa.ie). Is féidir leabhair a cheannach tríd an áis click-pay atá le fáil ar an suíomh Gréasáin.



Sa phictiúr (ó chlé go deis) ag an seoladh do By Dáil Account ag Oifigí Pharlaiming na hEorpa tá John Bruton, iar-Thaoiseach; Gay Mitchell, údar; aoi oinigh Liam Cosgrave, iar-Thaoiseach; agus Enda Kenny, ceannaire Fhine Gael.

GRADAIM & DUASEOIRÍ



GRADAIM & DUASEOIRÍ

Fuair breis agus 850 mac léinn diplómaí, céimeanna baitsiléara agus/nó céimeanna iarchéime le linn 2010. Bronnadh iad ar na mic léinn ag searmanais bhronnta céimeanna de chuid Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an Máirt 30 Samhain agus Céadaoin 1 Nollaig 2010. Is iad seo a leanas na Gradaim a bronnadh i 2010:

Iar-Chéimí na Bliana Scoil Whitaker um Rialtas & Bainistíocht

Vivion O'Brien

Máistir Ealaíon (Ceartas Coiriúil)

Paul O'Farrell

Máistir Ealaíon (Bainistíocht Airgeadais)

Seán O'Connell

Máistir Ealaíon (Bainistíocht Cúram Sláinte)

Miriam Fitzpatrick

Sheila Ryan

Máistir Ealaíon (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

Caroline Oxley

Máistir Ealaíon (Bainistíocht Rialtais Áitiúil)

John Cronin

Máistir Ealaíon (Bainistíocht Phoiblí)

Colin Horan

Diplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí

Valerie Harvey

Máistir Eolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Bheartais

Vivion O'Brien

Diplóma Iarchéime in Anailís Bheartais

Owen McNally

Karl O'Sullivan

Fo-Chéimí na Bliana Scoil Whitaker um Rialtas & Bainistíocht

Patricia Curran

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Riaradh an Cheartais)

Seán O'Reardon

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Bainistíocht Cúram Sláinte)

Angela Tierney-O'Reilly

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

Eamon Murphy

Aileen Stapleton

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Bainistíocht Teicneolaíocht an Eolais)

Gerard Plunkett

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Rialtas Áitiúil)

Mario Lodola



AR BARR

Sa phictiúr ag searmanais bhronnta céimeanna de chuid Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Mark Twomey, céad áit, BBS (Onóir) Bainistíocht Córas Faisnéise, agus an Dr Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, an Foras Riaracháin.

DARA ÍOMHÁ

Sa phictiúr ag searmanais bhronnta céimeanna de chuid Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dr Maurice Manning, Seansailéir, Ollscoil na hÉireann, agus John Cronin, céad áit, MA Bainistiú Rialtas Áitiúil.

GRADAIM & DUASEOIRÍ

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Bainistíocht)

Patrick McMenamin

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Bainistíocht Phoiblí)

Patricia Curran

Gradam CIMA don mhac léinn Baitsiléir Staidéar

Gnó is fearr (Onór) (Cuntasaíocht)

Christena Sheil

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

Karen Kennedy

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór) (Bainistíocht Córas Faisnéise)

Mark Twomey

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór) (Margaíocht)

John O'Brien

Dioplóma i Staidéar Gnó

Orla Cronin

Audrey Scally

Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta

Linda Reilly

Dioplóma i Staidéar an Aontais Eorpaigh

Richard Belton

Dioplóma in Eacnamaíocht Sláinte

Gráinne Cosgrove

Dioplóma i mBeartas Seirbhísí Sláinte

Catriona D'Arcy

Dioplóma i mBainistíocht Cúram Sláinte

Mary McCormick

Dioplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna

Colette McLoughlin

Dioplóma sa Dlí

Alison Reilly

Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil

Orla Hastings

Dioplóma i mBainistíocht

Michelle Mahon

Dioplóma i mBainistíocht Seachadadh Seirbhísí Poiblí Nua-Aimseartha

Tara Robertson

Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí

Rebekah Fozzard



AR BARR

Sa phictiúr ag searmanais bhronnta céimeanna de chuid Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Mairead Clancy, BBS (Onórach) Margaíocht, agus John O'Brien, céad áit, BBS (Onórach) Margaíocht.

DARA ÍOMHÁ

Sa phictiúr (clé go deis) ag searmanais bhronnta céimeanna de chuid Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dr Maurice Manning, Seansailéir, Ollscoil na hÉireann, an Dr Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, IPA; Paul O'Farrell, céad áit, MA Dlí Choiriúil; Leas-Choimisinéir Cúnta na nGardaí Fintan Fanning; agus Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir, NUI.

OUTREACH 2010



OUTREACH 2010

Mar atá mínithe i dTuarascálacha Bhliantúla cheana, an Foras is ea an eagrais atá tiomnaithe don ghairmiúlacht sa tseirbhís phoiblí. Dá réir, bítear ag brath go leanúnach ar shaineolais éagsúla foirne an Fhorais agus i slite eile seachas an soláthar díreach de seirbhísí. Ó am go ham, feidhmíonn siad i riochtaí ceannaireachta sna comhlachtaí gairmiúla lena mbaineann siad. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de ghréasán neamhfhoirmiúil ceannairí scoileanna agus institiúidí riaracháin poiblí san AE. Le linn 2010, bhí sé ina bhall chomh maith den phainéal breithnithe le haghaidh Gradaim um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, a bhí urraithe ag Cumainn Tráctála na hÉireann.

Is é an Dr. Michael Mulreany Ard-Stiúrthóir Cúnta an Fhorais. Ball seasta is ea é ar an nGrúpa Athbhreithnithe Beartais agus Luach ar Airgead gairthe ag an Roinn Airgeadais. Tá An Dr. Richard Boyle ina chathaoirleach ar an Irish Evaluation Network agus ina bhall den ghrúpa measúnaithe taighde idirnáisiúnta um measúnú beartas agus clár. Tá sé ina bhall freisin do Choiste Iniúchta sna Roinne Gnóthaí Eachtracha.

Tá cúigear ball foirne ina mbaill neamhfheidhmiúcháin de choistí iniúchóireachta roinnt ranna rialtais, údarás áitiúil, agus comhlachtaí státurraithe, in dhá chás ag feidhmiú mar chathaoirleach agus leas-chathaoirleach na gcoistí. Tá roinnt ball foirne ina n-ardoifigigh móra sa Chartered Institute of Public Finance Accountancy agus an Chartered Institute of Management Accountants.

Le linn 2010, bhí an Foras ina óstach de roinnt seimineár maidine chun comhrá agus plé a chur chun cinn i measc státseirbhíseach sinsearach agus fostaithe sinsearacha sa tseirbhís phoiblí ar na príomhcheisteanna. Foilsíodh trí eagrán de nuachtlitir leictreonach an Fhorais, ezine, chomh maith le linn na bliana.

Reáchtáladh Comhdháil Bhliantúil an IPA san Aviva Stadium ar 30 Meán Fómhair. *Building Confidence and Trust in Public Administration* an teideal a bhí uirthi, agus ba í an tUachtarán Máire Nic Ghiolla Íosa an t-aoi oinigh. Ag an gComhdháil bhí cur i láthair ó roinnt urlabhraí náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir leis na dúshláin atá roimh an tseirbhís phoiblí i leith muinín a fhorbairt san am dheacair eacnamaíoch seo.



Kevin Cardiff, Ard-Rúnaí, An Roinn Airgeadais, ag caint ag Comhdháil Náisiúnta an Fhorais.

RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHORAIS



RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHORAIS

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta is ea an Foras Riaracháin, a ioncorpraíodh sa bhliain 1963. Feidhmíonn sé faoi choimirce an Roinn Airgeadais, tá sé ina eagraíocht gan beann ar bhrabús is ea é a bhfuil stádas carthanais aige agus é faoi réir iniúchadh reachtúil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá an Foras á rialú ag Bord — faoi chathaoirleacht John Tierney faoi láthair — ar a bhfuil ionadaithe tofa/ainmnithe ó earnálacha éagsúla an riaracháin phoiblí, ó bhainistíocht agus foireann an Fhorais, ó shaol an léinn agus ó phearsanra ceardchumainn, mar aon le hionadaí na mac léinn. Feidhmíonn an Bord trí chruinnithe sceidealaithe go míosúil agus trí fhochoiste seasta Boird : An Coiste Airgeadais agus Straitéise (a phléann ceistanna a bhaineann le bainistíocht airgeadais straitéiseach, oibreacha caipitiúla san áireamh), an Coiste Riaracháin (a dhéanann monatóireacht ar fheidhmíocht oibriúcháin ó lá go lá, saincheistanna acmhainní daonna, etc.) agus an Coiste Iniúcháireachta (a phléann measúnú riosca agus cur chuige rialachais). Anuas ar seo, tá Coiste Oideachais, a chuireann comhairle agus a dhéanann monatóireacht ar chúrsaí agus cáilíochtaí oideachais, agus Coiste Foilsiúchain Leabhar, a thugann comhairle ar straitéis foilsitheoireachta.

Bíonn Uachtarán an Fhorais i gceannas ar an gcruinniú ginearálta bliantúil (AGM) agus tá tacaíocht aige ó roinnt leas-uachtarán. Bhí an 47ú AGM ag an bhForas ar siúl ar an 24 Meitheamh 2010. Sa chlúdach tosaigh taobh istigh tá ainmneacha na n-oifigeach oinigh, baill an Bhoird, chomh maith le hainmneacha na mball ar fhochoiste an Bhoird.

TUARASCÁIL CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE RIARACHÁIN

Tuairiscíonn Martin McDonald:

Bhuail an Coiste Riaracháin le chéile faoi dhó le linn 2010. Rinne an coiste athbhreithniú ar gach ní a bhain le acmhainní daonna. Thug an coiste comhairle don Bhord chomh maith i dtaobh na nithe is gá chun éifeacht a thabhairt d'aistriú chiste pinsin an Fhorais go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean.

TUARASCÁIL CHATHAOIRLEACH AN FHOCHOISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tuairiscíonn Ray Dolan:

Bhuail siad le chéile ceithre uair le linn 2010. Chomhlíon an Coiste an ról tacaíochta atá aige don Bhord agus an Bord ag comhlíonadh a fhreagrachtaí rialachais. I measc na ngníomhaíochtaí le linn na bliana bhí; athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, rialú inmheánach airgeadais agus an clár rioscaí chorparáidigh; maoirseacht ar chlár an iniúcháin inmheánaigh, agus cinntiú go bhfuil gach dualgas ábhartha eile á chomhlíonadh. Bhí sé i dteagmháil le hionadaí iniúcháirí an Fhorais chomh maith — an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.



Cyril Sullivan
Stiúrthóir na gCóras Faisnéise agus
Airgeadais



Dymphna Lynch
Bainisteoir Acmhainní Daonna/
Rúnaí an Chuideachta

RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHORAIS

Rinne an coiste ar athbhreithniú de Lámhleabhar Rialachais Chorporáidigh an Fhorais agus d'aithin aon athrú riachtanach a bhí le déanamh chun comhlíonadh le Cóid Chleachtais nua na Ranna Airgeadais don Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit. Tá an obair chun na hathruithe seo a chur i bhfeidhm ag ardchéim faoi láthair. Cuireadh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaigh amach ar tairiscint athuair, agus bronnadh an conradh ar PricewaterhouseCoopers.

TUARASCÁIL CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE AIRGEADAIS AGUS STRAITÉISE

Tuairiscíonn John Tierney:

Bhí sé chruinniú ag an gCoiste le linn na bliana. De bharr na timpeallachta trádála, atá deacair go fóill, an príomhghnó ar tugadh faoi ná monatóireacht ar thuarascálacha airgeadais agus sreabhaidh airgid an Fhorais chun a dheimhniú go raibh siad ag feidhmiú mar a bhí beartaithe. Thug an coiste faomhadh chomh maith do bhuiséad 2010 agus, thar ceann an Bhoird, rinneadh athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta ráithiúla agus réamh-mheastacháin airgeadúla. Mar a luadh thuas, toisc timpeallacht trádála a leanann do bheith deacair don Fhoras i 2010, leag an coiste béim mhór ar an obair seo.

Thar ceann an Bhoird, rinne an coiste plé sonracha le gach ceann de na hiarrthóirí sa phróiseas comhoibrithe ollscoile. Nuair a bhí an próiseas curtha i gcrích ag an gcoiste i lár na bliana, mhol sé don Fhoras bogadh ar aghaidh le comhghuaillíocht straitéiseach le UCD toisc gur thairg sí an deis is fearr caidreamh a chothú leis an seirbhís phoiblí go ginearálta, agus ag an am gcéanna ag cruthú sineirgíthe gnó nua agus níos rachmasúla.

Thug an coiste comhairle chomh maith don Bhord ar roinnt eochair-nithe straitéiseacha a tháinig aníos i rith na bliana, lena áirítear athbhreithniú ar fheidhmíocht i gcomparáid le plean gnó corparáidigh agus forbairt an phlean straitéiseach corparáidigh 2011–2015. Thug sé moltaí don Bhord maidir le forbairt champais an Fhorais ar Bhóthar Lansdúin, go hairithe Uimh. 55, a réiteodh gach ní don aistriú fóirne ó Oifig Chluain Sceach go luath sa bhliain 2011 agus dá thoradh ag comhlíonadh ceann de na príomhchuspóirí straitéiseacha, is é sin comhdhlúthú a dhéanamh in aon champas amháin ar ghníomhaíochtaí an Fhorais. Choinnigh sé sainchúram féachana ar aistriú chiste pinsin an Fhorais Riaracháin Cúlchiste Náisiúnta Pinsean i gcomhréir leis an Acht um Bearta Airgeadúla (Forálacha Éagsúla) 2009.

RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHORAIS

BALLRAÍOCHT

Is é an Foras an comhlacht gairmiúil le haghaidh fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Déanann sé freastal orthu siúd sa státseirbhís, sna húdaráis áitiúla, sa tseirbhís sláinte, i gcomhlachtaí státurraithe, in earnáil an oideachais, sna Garda Síochána agus sna fórsaí cosanta. Coinnítear baill ar an eolas maidir le hábhair reatha a bhaineann le bainistíocht phoiblí trí sheisiúin faisnéisithe, r-nuachtlitir agus an t-irisleabhar Administration, agus is féidir leo lascaí a fháil ar fhoilseacháin agus seirbhísí eile. Téitear i gcomhairle le baill maidir le ceisteanna bainistíochta poiblí agus soláthar seirbhísí an Fhorais amach anseo, ar an gcaoi seo cuireann siad le forbairt ghairmiúil an Fhorais. Faoi láthair tá 77 ball chorparáideacha ag an bhForas agus 1,800 ball idir mhic léinn agus bhaill an phobail i gcoitinne a bhfuil suim acu ann.

RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHORAIS

FREASTAL AN BHOIRD 2010

9 CRUINNIÚ

Uimh.	Ainm	Freastal	Nótaí
1	Séan Aylward	3 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010
2	Phyllis Behan	3 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010
3	Marie Brady	3 cruinniú	Deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010
4	John Champion	4 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010
5	Brian Cawley	9 cruinniú	
6	Dónal Connell	3 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010
7	Martin Cronin	4 cruinniú	Deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010
8	Gabriel D'Arcy	2 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010
9	Raymond Dolan	8 cruinniú	
10	Des Dowling	8 cruinniú	
11	Michael Errity	4 cruinniú	
12	Robert Galavan	6 cruinniú	
13	Cathal Goan	3 cruinniú	Deireadh le téarma oifige Meitheamh
14	Paul Haran	0 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010; níor fhreastal ar chruinnithe Boird ag feitheamh le toradh aontuithe le UCD i dtaobh comhghuaillíochta straitéisigh a chríochnaigh i mí na Nollag 2010
15	David Hughes	4 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010
16	Carmel Keane	6 cruinniú	
17	Martin McDonald	7 cruinniú	
18	Morgan McKnight	3 cruinniú	
19	Sinéad McNamara	5 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010
20	Peter Nolan	0 cruinniú	Deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010
21	Julie O'Neill	2 cruinniú	Deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010
22	Frances Spillane	7 cruinniú	
23	David Thomas	3 cruinniú	Deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010
24	John Tierney	9 cruinniú	

RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHORAIS

FREASTAL AN CHOISTE RIARACHÁIN 2010

2 CRUINIÚ

Uimh.	Ainm	Freastal	Nótaí
1	Séan Aylward	0 cruinniú	Ní raibh aon chruinniú ann ón am a ceapadh é i Meitheamh 2010
2	Phyllis Behan	0 cruinniú	Ní raibh aon chruinniú ann ón am a ceapadh é i Meitheamh 2010
3	Dónal Connell	0 cruinniú	Ní raibh aon chruinniú ann ón am a ceapadh é i Meitheamh 2010
4	Carmel Keane	2 cruinniú	
5	Martin McDonald	1 cruinniú	Cathaoirleach
6	Julie O'Neill	0 cruinniú	Deireadh le téarma oifige i Meitheamh 2010
7	Frances Spillane	2 cruinniú	

FREASTAL AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA 2010

4 CRUINIÚ

Uimh.	Ainm	Freastal	Nótaí
1	John Campion	2 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010
2	Raymond Dolan	4 cruinniú	Ceapadh ina Chathaoirleach Meitheamh 2010
3	Robert Galavan	3 cruinniú	
4	Cathal Goan	3 cruinniú	Deireadh le téarma oifige mar Chathaoirleach Meitheamh 2010
5	David Hughes	2 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010
6	Morgan McKnight	2 cruinniú	
7	David Thomas	2 cruinniú	Deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010

RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHORAIS

FREASTAL AN CHOISTE AIRGEADAIS AGUS STRAITÉISE 2010

6 CRUINIÚ

Uimh.	Ainm	Freastal	Nótaí
1	Marie Brady	4 cruinniú	Deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010
2	Martin Cronin	1 cruinniú	Deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010
3	Gabriel D'Arcy	2 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010
4	Des Dowling	5 cruinniú	
5	Michael Errity	3 cruinniú	
6	Paul Haran	0 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010; níor fhreastal ar chruinnithe Coiste ag feitheamh le toradh aontuithe le UCD i dtaobh comhghuaillíochta straitéisigh a chríochnaigh i mí na Nollag 2010
7	Sinéad McNamara	5 cruinniú	Ceapadh Meitheamh 2010
8	Peter Nolan	1 cruinniú	Deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010
9	John Tierney	5 cruinniú	Cathaoirleach

BAINISTÍOCHT IN ACMHAINNÍ DAONNA

I gcomhreir lenár bplean gnó corparáidigh 2010, cuireadh béim ar leith sa phlean oiliúna agus forbartha ar seirbhís ardchaighdeán agus gairmiúil, obair fóirne, freagracht, agus eolas a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach agus príomhcheisteanna i mbeartas poiblí a thuiscint. Leanadh le tacaíocht a thabhairt don fhoireann maidir le cáilíochtaí tríú-leibhéal ábhartha a bhaint amach lasmuigh agus laistigh den Fhoras.

Chuir an Foras tús leis an bpróiseas dearaidh don eagraíocht a fhorbairt a thacóidh leis an straitéis chorparáide 2011–2015 a bhaint amach agus aird a thabhairt ar na céimeanna solúbthachta agus éifeachtúlachta san plean gníomhaíochta a bhaineann le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh. Tá sé beartaithe an struchtúr athdheartha a bheith i bhfeidhm le linn 2011. I gcomhréir leis an bpróiseas seo, thug an Foras faoi iniúchadh cumais tras-institiúide. Beidh anailís ar na cumais ata riachtanach chun an plean straitéiseach nua a chur i bhfeidhm mar chuid den próiseas athdheartha agus cuirfidh sé pleananna oiliúna agus forbartha ar an eolas sa todhchaí.

GLUISEACHT FOIRNE

D'fhag Theresa Keane an Foras agus tháinig John Paul Owens isteach sa bhForas sa bhliain 2010.

FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS



FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Leagtar amach sna ráitis airgeadais seo a leanas oibríochtaí airgeadais an Fhorais don bhliain. Lean na deacrachtaí trádála i ngeilleagar na hÉireann, agus an cúlú i gcaiteachas an rialtais, do bheith ag cur srian ar ioncam oibríúcháin an Fhorais i 2010. I gcomparáid le 2009, bhí ioncam oibríúcháin an Fhorais thíos ag €13.0m ó €16.0m, laghdú de 19%. Mar sin féin, bhí a fhios ag an bhForas cheana féin go mbeadh tionchar ar a láimhdeachas i rith 2010, thóg sé na céimeanna ba ghá chun a chostais phá agus neamh-phá a laghdú. Ba é tionchar na hoibre seo caiteachas a laghdú go €12.5m i gcomparáid le €16.0m do 2009, ag léiriú laghdaithe de 22%. Tuairiscíodh go bhfuil barrachas oibríochta de €401,000 ann tar éis coigeartú achtúireach €0.4m bunaithe ar chaighdeán cuntasáíochta pinsean (FRS17) i ndáil le costais pinsean an Fhorais. Go hachomair, d'éirigh leis an bhForas a chuid airgeadais a chobhsú i rith tréimhse dheacair gheilleagrach.



Tuillimh an Fhorais don bhliain ná oiliúint agus seirbhísí idirnáisiúnta (37%) agus ioncam ó tháillí oideachais (29%), ioncam ó thaighde (3%), ioncam ó fhoilseacháin agus ballraíocht (6%), agus deontas i gcabhair (25%) íoctha ag an Roinn Airgeadais. Ar an iomlán, tá gaol díreach ag laghdúithe ioncaim bliain i ndiaidh bliana ar leibhéil ghníomhaíochta i dtimpeallacht trádála neamhchinnte. Ar an dtaobh eile, bhí struchtúr costas an Fhorais faoi smacht ag costais dhíreacha agus neamhdhíreacha (a laghdaíodh i gcomhréir le ioncam laghdaithe agus athbhreithniúcháin luacháil-ar-airgead a bhí an-rathúil), costais tuarastail agus seirbhísíú fiacha. Bhí costais tuarastail faoi smacht ag trí fhachtóir: sin iad, líon foirne buan, an laghdú i dtuarastail san earnáil phoiblí a d'fhógair an Aire Airgeadais ina cháinainnéis 2010 agus dualgais an Fhorais do scéim pinsean le sochar sainithe dá fhoireann. Leis an moratorium ar earcú foirne san earnáil phoiblí, d'fhan an méid fostaithe ag an bhForas ag 99 sa bhliain 2010, agus leanann an leibhéal ranníocaíochta pinsean ón bhfostóir mar a bhí (sin 34.6 de thuarastail) tar éis an aistriú ciste go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, rud a d'fhág gurb é an ciorrú pá don earnáil phoiblí an chúis ba mhó leis an laghdú i gcostais tuarastail. Maidir le haistriú ciste pinsean an Fhorais go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF), léirítear an láimhseáil chuntasáíochta ar ranníocaíochtaí pinsean ón 21 Iúil 2010 sna Ráitis Airgeadais mar 'ranníocaíocht don státchiste'.

Tá na costais mhaoinithe a leanann an t-iasacht fhadtéarmach a tógadh chun Uimhir 55, Bóthar Lansdúin a cheannach (ceannaithe i 2006), bunaithe ar ráta úis idir-bhainc, a laghdaíodh le linn 2010, a raibh táille úis de €64,650 dá thoradh.

FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Mar atá luaite thuas, forbairt shuntasach amháin le linn 2010 ab ea aistriú chiste pinsin an Fhorais go dtí an Riaracháin Cúlchiste Náisiúnta Pinsean mar a luaitear sna foralacha an Achta um Bearta Airgeadúla (Forálacha Éagsúla) 2009.

Bhí tionchar an-dearfach ar an gclár comhardaithe mar thoradh ar seo sa chaoi is gur méadaíodh luach na sócmhainní ó €0.27m to €13.2m.

I dtearmaí foriomlána bainistíochta airgeadais, nuair a thógtar san áireamh na coinníollacha deacra trádála, lean an Foras ag cobhsú a chuid airgeadais le linn 2010 i slí a d'fhag farrasbarr oibriúcháin bheag mar thoradh. De bhreis ar sin, d'fheabhsaigh cúlchistí an Fhorais ar an gclár comhardaithe go luachanna réamh-2005.

Feabhsuithe ar Chórais Inmheánacha

Ar aon dul le straitéis córais faisnéise an Fhorais, bhí tuilleadh forbairtí ar bhonneagar IT inmheánach an Fhorais idir chrua-earraí agus bhogearraí. Bhí an-tábhacht ag baint le cáilíocht chóras bainistíochta airgeadais (FMS) an Fhorais maidir leis an bhForas a chur ar a chumas réamh-mheastacháin chruinne a ullmhú agus an titim mór i leibhéil ioncaim a bhainistiú. Rinneadh tuilleadh forbartha ar chórais bhainistíochta inmheánacha i rith na bliana, le háiseanna tuarascála bainistíochta eolais feabhsaithe i FMS an Fhorais á chur ar fáil trasna an Fhorais, seisiúin feasachta airgeadais don fhoireann, agus cur i bhfeidhm an mhodúil feidhmíochta gnó FMS. Beidh an bhéim ar eolas bainistíochta ar chaighdeán maith ina príomhbhéim i rith 2011.

Ionchas Airgeadais do 2011

Ag tógaint san áireamh go meastar go leanfaidh na deacrachtaí leanúnacha i gcúinsí trádála eacnamaíochta ar aghaidh do gach cineál gnó go dtí ar a laghad 2014, tá an Foras dírithe ar a chursaí airgeadais a choimeád socair don 2011. Táthar ag tuar go mbeidh láimhdeachas de €13m go mbainfear coimheá airgid a bhaint amach i dtéirmsí buiséid. Leanann an Foras Riaracháin do bheith ag fiosrú deiseanna nua lena bhonn ioncaim a chothú (cosúil le comhoibriú ollscoile) agus laghdú a dhéanamh ar a struchtúir pá agus neamhphá.

Géilliúntas

Chomhlíon an Foras a dhualgais maidir le hairgeadais, cánachas agus a chuid dualgas rialála le linn 2010 agus lean sé d'athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a struchtúir rialachais corparáidigh.



AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010



CLÁR ÁBHAR

- 45 Stiúrthóirí agus Eolas Eile
- 46 Tuarascáil na Stiúrthóirí maidir leis an mBliain dar críoch 31 Nollaig 2010
- 47 Tuarascáil an Ard-reachtaire Cuntas agus Ciste
- 49 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais
- 51 Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta
- 53 Ráitis Airgeadais
- 58 Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Interest rate options	415,050	99,189	967	99,189
Interest rate trades	155,816	13,494	-	155,816
Interest rate products:	93,063	18,640	-	93,063
Interest rate options	13,780,263	12,205,800	9,967,738	35,953,801
Interest rate futures	607,058	47,826	4,159	659,043
Interest rate options	1,797,862	569,054	379,216	2,746,132
Interest rate products:	362,173	85,209	23,969	471,351
Interest rate options	382,422	88,371	25,449	496,242
Interest rate options	9,652	597	35	10,284
Interest rate products:	2,606	10	-	2,616
Interest rate options	1,401	791,068	432,828	4,387,071
Interest rate products:	3,163,174	-	-	2,816
Interest rate swaps	2,816	37,588	8,633	141,538
Interest rate options	95,837	83,230	23,586	283,570
Interest rate products:	187,388	118,771	35,365	311,599
Interest rate futures	198,430	-	-	42,390
Interest rate options	83,398	83,398	8,778	298,371
Interest rate products:	198,430	83,398	11,867	340,371
Interest rate options	198,430	83,398	89,428	1,288,381
Interest rate products:	198,430	83,398	89,428	1,288,381

STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE

STIÚRTHÓIRÍ	
J. Tierney	(Cathaoir)
M. McDonald	(Leaschathaoir)
B. Cawley	(Ard-Stiúrthóir)
S. Aylward	(ceapadh Meitheamh 2010)
P. Behan	(ceapadh Meitheamh 2010)
M. Brady	(deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010)
J. Champion	(ceapadh Meitheamh 2010)
D. Connell	(ceapadh Meitheamh 2010)
M. Cronin	(deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010)
G. D'Arcy	(ceapadh Meitheamh 2010)
R. Dolan	
D. Dowling	
M. Errity	
R. Galavan	
C. Goan	(d'éirigh as Meitheamh 2010)
P. Haran	(ceapadh Meitheamh 2010)
D. Hughes	(ceapadh Meitheamh 2010)
C. Keane	
M. McKnight	
S. McNamara	(ceapadh Meitheamh 2010)
P. Nolan	(deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010)
J. O'Neill	(deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010)
F. Spillane	
D. Thomas	(deireadh le téarma oifige Meitheamh 2010)

INIÚCHÓIRÍ
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

ÁTURNAETHA
O'Donnell Sweeney Eversheds Solicitors
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

RÚNAÍ AGUS OIFIG CHLÁRAITHE
Dymphna Lynch
59 Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4

PRÍOMHBHAINCÉIRÍ
Allied Irish Bank
Ionad an Bhainc
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ I LEITH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

RÁITEAS DHUALGAIS NA STIÚRTHÓIRÍ

1. Ceanglaíonn dlí cuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ina dtugtar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bhrabús na cuideachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasáochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm i slí seasmhach,
- breithiúnais a dhéanamh agus meastacháin atá réasúnta agus stuama,
- sonrú an bhfuil caighdeán cuntasáochta feidhmeach leannta, géillsineach d'aon imeacht ábhartha taispeánta agus mínithe sna ráitis airgeadais.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i ngnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais shonracha a choimeád a léiríonn go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasáochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go ngéilleann siad do fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as cosaint sócmhainní na cuideachta agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

2. Tá baint ag an bhForas le gníomhaíochtaí atá dírithe ar chaighdeán an riaracháin phoiblí a fheabhsú agus staidéar a riarachán poiblí a chur chun cinn, agus ómós gairme a fhorbairt i bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí, agus comhthuiscint a chothú idir an pobal agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí.

LÉIRMHEAS GNÓ AGUS FORBAIRTÍ BREISE

3. Bhí an léibhéal gnó agus stad airgeadais ag deireadh na bliana sásúil agus measann na stiúrthóirí go leanfar den léibhéal reatha gníomhaíochta go ceann i bhfad.

TORTHAÍ

4. Tá an cuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain agus an leithghabháil a rinneadh orthu leagtha amach ar leathanach 53.

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

5. D'fhorbair an Bord an ráiteas sábháilteachta is gá a cheanglaítear leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

RIALÚ CORPORÁIDEACH

6. Bhunaigh an Bord struchtúr Coiste éifeachtúil chun cabhrú le comhlíonadh a fhreagrachtaí, de réir dea-rialachais chorparáidigh. Tá téarmaí tagartha foirmiúla atá faofa ag an mBord ag gach Coiste, agus tuairiscíonn gach Coiste don Bhord ar a ghníomhaíochtaí go tréimhsiúil. Ba iad na Coistí a bhí ag feidhmiú ar an 31 Nollaig 2010 ná an Coiste Riaracháin, an Coiste Iniúcháireachta, agus an Coiste Airgeadais agus Straitéise. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú bliantúil ar rioscaí oibriúcháin gnó, ar son an Bhoird.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT

7. Níl baint ag an gcuideachta le forbairt agus taighde ar bith thar a ceann féin.

LEABHAIR CHEARTA CHUNTASAÍOCHTA

8. Lena chinntiú go gcoimeádfar leabhair chuntas chuí de réir Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, tá foireann a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí acu fostaithe agus cuirtear acmhainní iomchuí ar fáil d'fheidhm airgeadais na cuideachta. Tá na leabhair chuntas in oifig chláráithe na cuideachta ag 59 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4.

INIÚCHÓIRÍ

9. Tá an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste freagrach as cuntais na cuideachta a iniúchadh de réir Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Thar ceann an Bhoird,



Raymond Dolan

Sinéad McNamara

STIÚRTHÓIRÍ

25 Bealtaine 2011, Baile Átha Cliath

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tá ráitis airgeadais an Fhorais Riaracháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 iniúchta agam faoin Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta, Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Dlí infheidhmithe is ea an fráma rialaithe airgeadais inar ullmhaíodh iad agus de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.

FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá freagracht ar na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú, as deimhniú go dtugtar tuairisc chothrom agus fírinneach ar riocht ghnóthaí na cuideachta agus ar a ioncam agus caiteachas agus as rialtacht a hidirbheartaíochtaí a dheimhniú.

FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tá sé mar fhreagracht orm-sa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhmithe.

Rinne mé m'iniúchadh le tagairt do na breithniúcháin speisialta a leanann eagrais Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Rinneadh m'iniúchadh i gcomhréir le Cleachtais Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (R.A. agus Éire) agus i gcomhréir leis Caighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

SCÓP NA HINIÚCHÓIREACHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é a bhíonn i gceist le hiniúcháireacht ná fianaise d'fháil faoi na suimeanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais go leor le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíchruinnis ábharach, de thoradh ar chalaos nó d'aon iarracht. Leis seo áirítear measúnú ar

- cé chomh oiriúnach is atá na beartais chuntasaíochta d'imthoscaí na cuideachta, an

bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochtaítear go dóthanach iad

- réasúntacht mórmheastacháin chuntasaíochta déanta in ullmhúchán na ráiteas airgeadais, agus
- an cur i láthair féin go ginearálta de na ráitis airgeadais.

Déanaim iarracht chomh teacht ar fhianaise i dtaobh rialtacht ghluaiستهachtaí airgeadais le linn iniúcháireachta.

De bhreis ar seo léigh mé an t-eolas airgeadais agus neamh-airgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamh-chomhsheasmhachtaí a aithint ó chomparáid leis na ráitis airgeadais iniúchtha. Má thagaim trasna ar aon mhíchruinneas nó neamhréir ábharach, déanaim mo mhachnamh air maidir le mo thuarascáil.

TUAIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na cuideachta ag 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch sin; agus
- atá ullmhaithe i gceart i gcomhréir le hAchtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaim a bheith riachtanach chun críche m'iniúchta faighte agam. I mo thuairim, bhí leabhair chuntas chuí coinnithe ag an gCuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is í mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

NITHE AR A NDÉANAIM TUAIRISCIÚ GO H-EISCEACHTÚIL

Déanaim tuairisciú go h-eisteachtúil má

- thugann m'iniúchadh faoi deara samplaí ábharacha nuair nár cuireadh airgead i gcoinne na cúiseanna luaite nó nár tháinig gluaiseachtaí faoi riar ag údarais a rialaíonn iad, nó

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

- nach bhfuil an t-eolas a tugadh sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- nach dtagann an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit, nó
- má thagaim ar aon nithe ábharacha eile a bhaineann leis an slí a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe úd a déantar a thuairisciú go h-eisceachtúil.



Andrew Harkness

Le haghaidh agus thar ceann an
ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

30 Bealtaine 2011

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Admhaíonn an Bord go bhfuil sé fregrach as córas rialaithe airgeadais an Fhorais Riaracháin. Admhaíonn an Bord freisin nach féidir le haon chóras rialaithe airgeadais ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a chur ar fáil, i gcoinne aon earráidí ábhartha. Tá na rialúcháin inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm san Fhoras i rith 2010 leagtha amach thíos:

Chuir an Bord na heochairnósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm agus tá siad deartha chun rialú airgeadais éifeachtach a sholáthar:

(A) TIMPEALLACHT RIALAITHE

Tá bearta déanta ag an mBord chun timpeallacht chúil rialaithe a chinntiú trí:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú tríd na feidhmeanna coiste éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun na sócmhainní a chosaint.
- freagrachtaí agus cumhachtaí na bainistíochta a shainiú go soiléir agus a dhoiciméadú
- cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ar gach leibhéal den eagraíocht

Cuireadh nósanna imeachta rialaithe airgeadais ar fáil do na baill foirne go léir, lena n-áirítear nósanna imeachta soláthair, agus nósanna imeachta féichiúnaí agus creidiúnaí.

Cuirtear teorainneacha caiteachais i bhfeidhm go docht maidir le gach leibhéal bainistíochta. Déanann Oifig Airgeadais an Fhorais monatóireacht ar an rialúchán seo, trí scrúduithe uathobrithe láimhe agus leictreonacha.

Tá deighlt feidhmeanna chomhsheasamhach i bhfeidhm ar mhaithe le códú agus údarú trasna aonaid ghnó an Fhorais agus monatóireacht á déanamh go lárnach air ag an Oifig Airgeadais.

Feidhmíonn an fheidhm soláthair le haghaidh caiteachas forchostais ar bhonn caighdeán a aontaíodh leis an Stiúrthóir Airgeadais agus Córais Faisnéise agus a cheadaigh an tArd-Stiúrthóir agus an Bord.

(B) RIOSCAÍ GNÓ A AITHINT AGUS IMPEACHTAÍ AIRGEADAIS

Mar a dhéantar go bliantúil san Fhoras, eagraíodh athbreithniú riosca gnó le linn na bliana, a raibh an bhainistíocht sinsear bainteach leis, ag aibhsiú na rioscaí suntasacha do gnó an Fhorais Riaracháin agus céard iad na gníomhaíochtaí mhaolaithe. Táthar ag dul i ngleic leis na rioscaí gnó a aithníodh san athbreithniú, ar an gcéad dul síos, trí phlean corparáide an Fhorais a chur i bhfeidhm (clár rioscaí ar leibhéal corparáideach), agus ansin tríd an bpróiseas pleanála gnó. Maidir le 2011, beidh gníomhaíochtaí maolaithe rioscaí arís ina gcuid lárnach de phleananna bliantúla gnó gach rannóg gnó. Pléann an Bord na pleananna gnó seo agus na gníomhaíochtaí bainistithe riosca go leathbhliantúil.

(C) CÓRAIS FAISNÉISE

I measc chórais faisnéise an Fhorais tá 'Integra', pacáiste comhtháite um chuntasaíocht bhainistíochta agus airgeadais. Tá modúil rialaithe airgeadais chomhtháithe le haghaidh ioncaim, caiteachais, creidiúnaithe, féichiúnaithe, ordú ceannaigh, párolla, taisteal agus liúntas cothaithe foirne agus sócmhainní seasta ar an gcóras. Tá formhór na rialúchán próiseála faisnéise uathobrithe laistigh de na córais leictreonacha; i measc na rialúchán tá údarú cuí, dualgais a dheighilt agus doiciméadú agus taifid bhunaidh a scanadh. Rialaítear próiseáil faisnéise an Fhorais le sraith iomlán de nósanna imeachta rialaithe.

Anuas ar sin, tá roinnt córas tacaíochta gnó comhtháite leis an gcóras bainistíochta airgeadais (FMS). Oibríonn Rannóg Foilsitheoireachta an Fhorais Riaracháin modúl um Próiseáil Orduithe Díolachán (SOP) ina bhfreastalaítear ar ordú díolachán, sonrascadh agus rialú stoic. Baineann an Rannóg Oilíúna leas as córas comhtháite Oilíúna Riaracháin agus Bainistíochta (TAMS) chun próiseas áirithintí agus sonrasc na gcliant a bhainistiú. Maidir lenár gclár Oideachais, bainistíonn córas comhtháite Faisnéise agus Riaracháin Mac Léinn (SIAS) clárú mac léinn agus bailiú táillí.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

D) NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR ÉIFEACHTACHT NA GCÓRAS RIALAITHE AIRGEADAIS

Ullmhaítear cuntais mhíosúla bhainistíochta ina ndéantar comparáid idir ioncam agus caiteachas a bhí sa bhuiséid agus ioncam agus caiteachas a tabhaíodh iarmhír. Déanann an bhainistíocht shinsearach athbreithniú ar na cuntais seo agus scrúdaíonn siad go mion na gníomhaíochtaí gnó chun cruinneas agus críochnúlacht a chinntiú. Cuirtear na cuntais seo faoi bhráid an Bhoird go ráithiúil.

Tá próiseas buiséid bliantúil fairsing i gceist, ina ndéanann gach aonad buiséad mionsonraithe d'ioncam agus caiteachas díreach, a ndéanann an Bord athbreithniú air agus a fhaomhann an Bord. Ullmhaítear buiséid chaiteachais chaipitiúil mhionsonraithe chomh maith. Ina theannta sin, oibríonn an Foras córas forásach trí bliana de bhuiséadú ilbhliantúil.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánach ag an bhForas. Ullmhaítear clár iniúchóireachta mionsonraithe dhá uair sa bhliain agus déanann an Bord é a fhaomhadh trína Choiste Iniúchóireachta. Athbreithníonn an Coiste Iniúchóireachta na tuarascálacha iniúchóireachta a ullmhaíodh agus glacann siad le moltaí mar is cuí.

Déanann Rannóg Airgeadais an Fhorais monatóireacht ar idirbhearta ioncaim agus caiteachais chun géilliúnacht gach ceann de na haonaid gnó a chinntiú maidir le beachtas, bailíocht agus oiriúnacht.

(E) ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL

Rinneadh athbreithniú bliantúil ar na rialúcháin inmheánacha airgeadais de chuid an Fhorais a bhí i bhfeidhm le linn 2010. Rinne Bord an Fhorais athbreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánach ag a chruinniú ar an 10 Feabhra 2011.

Thar ceann an Bhoird,



John Tierney
CATHAOIRLEACH



Brian Cawley
ARD-STIÚRTHÓIR

25 Bealtaine 2011

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú le hathluacháil talún agus foirgneamh.

(A) IONCAM

Déantar ioncam, arb é táillí agus deontas i gcabhair ón stát don chuid is mó é, a chur san áireamh ar bhonn infhaighteachta seachas suibscríbhinní a chuirtear in ioncam nuair a fhaightear iad. Tugtar táillí cúrsaí isteach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais le linn thréimhse an chúrsa.

(B) SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Déantar sócmhainní seasta, foirgnimh san áireamh, a lua ag a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carnach. Déantar dímheas a áireamh mar atá thíos, atá measta leis na sócmhainní a laghdú go luachanna inláimhsithe faoi dheireadh a saolré tuartha:

Foirgnimh Ruilse	2% Líne Dhíreach
Áitreabh Léasach	2% Líne Dhíreach
Troscán agus Feistis	5% Líne Dhíreach
Trealamh	10% Líne Dhíreach
Leabhair Leabharlanna	20% Comhardú Laghdaitheach
Meaisíní Oifige	25% Líne Dhíreach
Sócmhainní ar chíos	33.3% Líne Dhíreach
Foirgnimh Réamhdhéanta	33.3% Líne Dhíreach

Tosaíonn dímheas sa bhliain a dtagann an sócmhainn a bheith in úsáid. Ní laghdaíonn an luach atá ag talamh. Níl an Foras tar éis glacadh le beartas athluachála; ach, déanadh athluacháil ar sócmhainní sula glacadh le Caighdeán Tuarascála Cuntasaíochta 15 ‘Sócmhainní Seasta Inláimhsithe’. I gcomhréir le forálacha an chaighdeáin, choimeád an Foras na luachálacha seo mar a leirítear i Nóta 9.

(C) STOIC

Rinneadh stoic a luacháil go seasmhach le blianta roimhe sin, ag costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Déantar socrúithe, más gá, i dtaobh stoc atá mall ag imeacht agus stoic atá as feidhm.

(D) FÉICHIÚNAITHE

Déantar drochfhiaca a dhíscríobh agus déantar socrúithe ar leith i dtaobh aon suimeanna a measfar nach dócha go mbaileofar iad.

(E) DEONTAIS CHAIPITIL

Caitear le deontais chaipitil a bhaineann le sócmhainní seasta sócmhainní seasta mar chreidmheaseanna iarchurtha agus amúchtar sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais iad thar shaolré fóna ionchais na sócmhainní.

(F) SÓCMHAINNÍ LÉASAITHE

Déantar sócmhainní a choinnítear faoi léasanna airgeadais a chaipitliú agus a áireamh le sócmhainní faoi úinéireacht dá leithéid sa Chlár Comhardaithe. Áirítear comaoineacha faoi léasanna airgeadais le fiachais, déantar iad a ainlísiú idir fiachais reatha agus fiachais fadtéarma. Muirearaítear íocaíochtaí déanta faoi léasanna don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

(G) COSTAIS PHINSIN

Tá scéim pinsean le sochar sainithe i bhfeidhm do gach fostaí an Fhorais Riaracháin, de réir mar is cuí. I gcomhréir leis an Acht um Bearta Airgeadúla (Forálacha Éagsúla) 2009, aistríodh sócmhainní chiste pinsean an Fhorais, a bhí tomhaiste ag luach cóir, go Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) ar an 30 Meitheamh 2010. Leanann an scéim pinsean do bheith i bhfeidhm do bhaill reatha gan aon tionchar ar a leasa ná soláthar gaolmhar do bhaill.

Don tréimhse go 30 Meitheamh 2010, déanadh maoiniú ar an scéim le ranniocaíochtaí ón bhForas agus fostaithe a d’aistrigh airgead go ciste ar leith atá á riaradh ag iontaobhaí ar leith atá glan ó íocaíochtaí pinsinéirí ná costais na scéime. Ón 1 Iúil 2010, thóg an Foras Riaracháin freagracht as bainistiú a dhéanamh ar íocaíochtaí a dhéanamh do phinsinéirí thar ceann an stáitchiste. Faoi na socrúithe nua leanfaidh an ranniocaíocht do bheith ann, agus beidh se iníochta leis an Roinn Airgeadais tar eis na pinsin íochta a thógaint san áireamh. Cuirfidh an Roinn maoiniú ar fail sa chás go mbíonn na pinsin íochta níos mó ná na ranniocaíochtaí.

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Déantar dliteanais na scéime pinsean a luacháil ar bhonn achtúireach agus modh an aonaid fhortheilgthe á úsáid, agus léiríonn dliteanais phinsean amach anseo an luach íocaíochtaí go dáta agus a bheidh le híoc amach anseo. Ag teacht leis an gcur chuige ginearálta maidir le socruithe maoinithe, aithnítear mar shócmhainn atá cothrom ó thaobh suime don dhliteanas seo mar shuimeanna atá le haisíoc sa todhcaí i bhfoirm deontais Oireachtais.

Tá an táille pinsean sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais comhdhéanta de, tá an costas seirbhíse reatha agus an costas seirbhíse roimhe seo móide an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmainní scéime agus costas an úis ar dhliteanais na scéime agus leanfaidh ranníocaíochtaí an Fhorais do bheith iníoctha don Roinn Airgeadais ó dháta an aistrithe i ggcomhréir leis na socraithe maoinithe.

Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha ag teacht aníos mar gheall ar athruithe fosúiomh i ráiteas gnóthachain agus cailteanais suas go dáta an aistriúcháin aitheanta i ráitis iomlán aitheanta na bliana sin.

RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

	Nóta	2010 €	2009 €
IONCAM			
Ioncam ó Tháillí	1	8,888,739	11,281,432
Foilseacháin a Dhíol	2	502,427	789,635
Síntiúis		318,124	367,080
Vóta 6 - Oifig an Aire Airgeadais, Deontas i gCabhair	3	3,304,000	3,604,000
		13,013,290	16,042,147

LÚIDE:

CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN

Costais Dhíreacha	5	3,519,415	4,473,224
Costais Tuarastail	6	6,475,828	9,357,937
Costais Riaracháin	7	1,552,080	1,988,235
Ús Iníoctha agus Táillí dá Leithéid		64,650	146,478
		11,533,973	15,965,874
Barrachas Oibriúcháin don Bhliain		1,401,317	76,273
Lúide Íocaíocht go Státhchiste:		(1,000,000)	-
Barrachas tar éis Ranníocaíocht Státhchiste		401,317	76,273

RÁITEAS AR GHLUAISEACHTAÍ I GCÚLCHISTE CARNTHA

Barrachas Carntha ar an 1 Eanáir 2010		1,935,202	1,928,929
Barrachas Oibriúcháin don Bhliain		401,317	76,273
Aistriú go dtí Cúlchiste Pinsean	14	(2,319,801)	(70,000)
Barrachas Carntha ar an 31 Nollaig 2010		16,718	1,935,202

Baineann an barrachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 le gníomhaíochtaí leanúnacha.


RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010 (AR LEAN)


RÁITEAS AR IOMLÁN GNÓTHACHAN AGUS CAILLTEANAS AITHEANTA

	Nóta	2010 €	2009 €
Barrachas Oibriúcháin don Bhliain		401,317	76,273
Gnóthachan/Caillteanas Achtúireach ar Phinsin		(1,110,000)	6,559,000
Aistriú Socmhainní Scéime go NPRF		(24,665,000)	-
<hr/>			
Gnóthachan Achtúireach / (Caillteanas)	15	38,444,000	
<hr/>			
Iomlán Gnóthachan / (Caillteanas) Aitheanta sa Bhliain		13,070,317	6,635,273

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na beartais chuntasaíochta ar leathanach 51 agus na nótaí ar leathanaigh 58 go dtí 65.



John Tierney
Cathaoirleach an Bhoird



Raymond Dolan
Ball den Bhoird

RÁITIS AIRGEADAIS

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2010

	Nóta	2010		2009	
		€	€	€	€
SÓCMHAINNÍ SEASTA					
Sócmhainní Inláimhsithe	9		17,378,813		17,864,317
SÓCMHAINNÍ REATHA					
Stoic	8	171,931		224,883	
Féichiúnaithe	10	1,489,182		2,139,790	
Airgead ag an mBanc agus ar Láimh		1,686,353		1,716,559	
		3,347,466		4,081,232	


CREIDIÚNAITHE

Suimeanna Dlíte Laistigh d'Aon Bhliain Amháin	11	3,353,944		4,194,996	
Glansócmhainní/(Dlíteanais) Reatha			(6,478)		(113,764)
Iomlán na Sócmhainní lúide Dlíteanais Reatha					
			17,372,335		17,750,553
Áis Mhorgáiste 20 bliain	11		(4,181,640)		(4,418,352)
Iomlán Sócmhainní lúide Dlíteanais Gan Dlíteanas Pinsin a Áireamh					
			13,190,695		13,333,201
Dlíteanas Pinsin Fadtéarmach	15		(38,375,000)		(37,588,000)
Cúlchiste Pinsean			-		24,526,000
Sócmhainn Iarchurtha Pinsean	15		38,375,000		-
Glansócmhainní/(Glandlíteanais) Dlíteanas Pinsin san Áireamh					
			13,190,695		270,201


CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ

Cúlchistí	14		11,761,548		11,922,747
Barrachas Carntha ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais			16,718		1,935,202
Cúlchiste Pinsean	14		-		(15,150,000)
Deontais Caipitil	13		1,412,429		1,562,252
Iomlán					
			13,190,695		270,201

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na beartais chuntasaoíochta ar leathanach 51 agus na nótaí ar leathanaigh 58 go dtí 65.



John Tierney
Cathaoirleach an Bhoird



Raymond Dolan
Ball den Bhoird

RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

RÉITEACH BARRACHAIS OIBRIÚCHÁIN LE GLANSREABHADH AIRGID ISTEACH Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	2010		2009	
	€	€	€	€
Barrachas / (Easnamh) Oibriúcháin		401,317		76,273
Glan-Ús	64,650		146,478	
Dímheas	567,743		676,687	
Amúchadh Deontas	(149,823)		(149,823)	
(Méadú)/ Laghdú ar Stoc	52,952		(106,219)	
(Méadú)/ Laghdú ar féichiúnaithe	650,608		899,326	
(Méadú)/ Laghdú ar Chreidiúnaithe	(841,052)		(1,185,810)	
FRS17/Coigeartú Achtúireach	(392,000)		(460,202)	
	(46,922)		(179,564)	
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		353,395		(103,291)

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID				
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		353,395		(103,291)

TORADH AR INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS FÓNAMH A DHÉANAMH AR AIRGEADAS

Ús Íoctha		(64,650)		(146,478)
-----------	--	----------	--	-----------

SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA

Íocaíochtaí le Sócmhainn Inláimhsithe Seasta a Fháil	(82,239)		(42,830)	
Díúscairtí	-	(82,239)	9,392	(33,438)

SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ CISTITHE

Áis Mhorgáiste 20 bliain	(236,712)	(236,712)	(192,962)	(192,962)
Méadú/ (Laghdú) ar Airgead sa Bhliain		(30,206)		(476,169)

RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010 (AR LEAN)


AIRGEAD GLAN A RÉITEACH LE GLUISEACHT I NGLANFHIACHAS

	2010 €		2009 €
Méadú / (Laghdú) ar airgead tirim	(30,206)		(476,169)
(Méadú)/ Laghdú ar Áis Mhorgáiste 20 Bliain	236,712		192,962
Gluaiseachtaí i nGlanfhiachas sa Bhliain	206,506		(283,207)
Glanchistí / (Glanfhiachas) ar an 1 Eanáir	(2,701,793)		(2,418,586)
Glanfhiachasar an 31 Nollaig	(2,495,287)		(2,701,793)

ANAILÍS AR ATHRUITHE AR GHLANCHISTÍ/(FIACHA)

	Ar an 31 Nollaig 2009	Sreabha Airgid	Ag 31 Nollaig 2010
Airgead ar Láimh/ sa Bhanc	1,716,559	(30,206)	1,686,353
Áis Mhorgáiste 20 bliain	(4,418,352)	236,712	(4,181,640)
Iomlán	(2,701,793)	206,506	(2,495,287)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na beartais chuntasafóchta ar leathanach 51 agus na nótaí ar leathanaigh 58 go dtí 65.



John Tierney
Cathaoirleach an Bhoird



Raymond Dolan
Ball den Bhoird

RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS 31 NOLLAIG 2010

	2010 €	2009 €
1. IONCAM Ó THÁILLÍ		
Oiliúint	4,754,574	6,849,781
Oideachas	3,806,053	4,213,866
Taighde	328,112	217,785
	8,888,739	11,281,432

2. FOILSEACHÁIN A DHÍOL

Ioncam ó Fhoilseacháin an Fhorais Riaracháin	470,229	754,222
Díolacháin Triú-Pháirtí - Income	35,484	40,649
Caitheachas gaolmhar	(3,286)	(5,236)
	32,198	35,413
	502,427	789,635

3. DEONTAS I GCABHAIR

€3,400,000 a bhí in iomlán na ndeontas-i-gcabhair as a ndeachaigh €96,000 chun Suibscríbhinní. Cuireann an Roinn Airgeadais an deontas i gcabhair ar fáil le cur i dtreo dliteanais ghinearálta neamhphá agus tarraigíonn a Foras anuas é uair sa bhliain.

4. BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN

Luaítear an barrachas oibriúcháin tar éis na nithe seo a leanas a chur chun sochair nó chun dochair.

(a) Luach Saothair na Stiúrthóirí

Ní fhaigheann na baill ar Bhord an Fhorais Riaracháin táillí. Cé nach ndéanann baill an Bhoird taisteal ar ghnó oifigiúil mar bhaill den Fhoras, ta siad i dteideal costais taistil agus cothú a fháil as a láithreach ag cruinnithe Boird agus fochoistí. Maidir le 2010, níor éiligh ach ball amháin (R. Dolan) costais taistil agus cothaithe den tsuim €1,520.80.

(b) Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra (lena n-áirítear tuarastal, PRSI agus, suas go 30 Meitheamh, ranníocaíocht an fhostóra i leith pinsin per rátaí caighdeánacha na hearnála poiblí. Mar atá leagtha amach i Nóta 15, le héifeacht ón 1 Iúil 2010, aistríodh sócmhainní chiste pinsean an Fhorais go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean. Ní théann teidlíochtaí an Ard-Stiúrthóra thar gnáth-theidlíochtaí scéime aoisliúntais na hearnála poiblí).	272,463	286,469
---	---------	---------

Is éard a bhí i gcostais chothaithe agus taistil an Ard-Stiúrthóra ná €2,278.

(c) Luach Saothair an Iníochóra	22,900	28,905
(d) Dímhéas (Tar éis Diúscairtí)	567,743	676,687
(e) Ús iníochta agus táillí dá leithéid (Níl aon táillí ag an bhForas)	-	-
Ús Iníochta ar Shuimeanna Inaisíochta laistigh de Thréimhse Cúig Bliana	-	-
Ús iníochta ar shuimeanna inaisíochta as seo go ceann níos mó ná cúig bliana	64,650	146,478

RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2010 (AR LEAN)

4. BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN

(f) Céadú Creidmheasa	(149,823)	(149,823)
(g) Méadú ar Shocruithe maidir le Drochfhiachas	-	20,000

5. ANAILÍS AR CHOSTAIS DHÍREACHA

	2010 €	2009 €
Oiliúint	1,429,535	1,834,424
Oideachas	1,652,195	1,822,183
Foilseacháin	295,638	312,424
Taighde	28,113	46,384
Ginearálta	113,934	457,809
	3,519,415	4,473,224

6. FAISNÉIS NA BHFOSTAITHE

(a) Déantar anailís thíos ar mheánlíon na bhfostaithe buana sa chuideachta le linn na bliana, lena n-áirítear stiúrthóirí lánaimseartha.

	2010	2009
Oiliúint	43	43
Oideachas	22	22
Foilseacháin	4	4
Taighde	5	5
Ginearálta	25	25
	99	99

(b) Is éard atá i gcostais tuarastail na cuideachta maidir le gach fostaí ná:

	2010 €	2009 €
Pá agus Tuarastail	5,298,740	6,887,336
Costais Phinsin (Nóta 15)	646,000	1,793,285
Costais Árachais Shóisialda	531,088	677,316
	6,475,828	9,357,937

Baineadh tobhach pinsin de €381,503.78 as agus íocadh leis an Roinn Airgeadais é.

Tugadh isteach na ciorruithe pá sa bhliain 2010 i gcomhréir leis na Céimeanna Éigeandála Airgeadais de chuid an Achta um Leasa an Phobail, 2009.

RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2010 (AR LEAN)

7. ANAILÍS AR CHOSTAIS DHÍREACHA

	2010 €	2009 €
Deisiúchán, Glanadh, Cothabháil	272,283	321,209
Dímheas lúide Deontais Chaipitil Amúchta	417,920	526,864
Stáiseanóireacht agus Fótachóipeáil	149,094	162,035
Solas, Teas, Guthán	212,166	162,800
Postas	75,463	104,523
Árachas	30,134	27,230
Gnóthaí Corparáideacha agus Margaíocht	145,168	400,110
Forbairt Foirne	65,720	73,657
Earcaíocht Foirne agus Costais Tacaíochta	-	7,905
Ginearálta	184,132	201,902
	1,552,080	1,988,235

8. STOIC

Stáiseanóireacht agus Fótachóipeáil	171,931	224,883
-------------------------------------	---------	---------

RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2010 (AR LEAN)

9. SÓCMHAINNÍ SEASTA, SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE COSTAS NÓ LUACHÁIL

Ar an 1 Eanáir 2010

	Talamh agus Foirgnimh ^(a)	Meaisíní Oifige	Troscán, Feistis, Treallamh & Leabhair Leabharlainne	Iomlán
	€	€	€	€
Costas	12,883,325	1,574,284	2,437,549	16,895,158
Luacháil 1975	177,763	-	-	177,763
Luacháil 1999	7,382,114	-	-	7,382,114

	20,443,202	1,574,284	2,437,549	24,455,035
--	------------	-----------	-----------	------------

Breiseanna	-	39,030	43,209	82,239
Diúscairtí	-	-	-	-

Ar an 31 Nollaig 2010	20,443,202	1,613,314	2,480,758	24,537,274
-----------------------	------------	-----------	-----------	------------

DÍMHEAS

Ar an 1 Eanáir 2010	3,299,379	1,449,556	1,841,783	6,590,718
Diúscairtí	-	-	-	-
Táillí don Bhliain	407,083	22,960	137,700	567,743

Ar an 31 Nollaig 2010	3,706,462	1,472,516	1,979,483	7,158,461
-----------------------	-----------	-----------	-----------	-----------

LEABHARLUACH GLAN

Ar an 31 Nollaig 2010	16,736,740	140,798	501,275	17,378,813
-----------------------	------------	---------	---------	------------

LEABHARLUACH GLAN

Ar an 31 Nollaig 2009	17,143,823	124,728	595,766	17,864,317
-----------------------	------------	---------	---------	------------

Nóta (a) Sceideal Áitreabh agus Cineál Seilbhe
 57-67 Bóthar Lansdún
 49-51 Bóthar Lansdún
 55 Bóthar Lansdún
 Halla Vergemont, Cluain Seach

Ruíleas
 Rúileas
 Rúileas
 Rúileas fíorúil de Thoradh Cíosa Ainmiúil

10. FÉICHIÚNAITHE AGUS AIS-ÍOCAÍOCHTAÍ

	2010	2009
	€	€
Féichiúnaithe Trádála	1,479,002	2,129,610
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhráithe	10,180	10,180

(Is ionann Féichiúnaithe Trádála agus féichiúnaithe tar éis Socruithe Drochfhiachas de 77,189 (2009 – 80,000).)

	1,489,182	2,139,790
--	-----------	-----------

RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2010 (AR LEAN)

11. FÉICHIÚNAITHE AGUS AIS-ÍOCAÍOCHTAÍ

	2010 €	2009 €
(a) Suimeanna Dlíte laistigh de Bhliain Amháin		
Creidiúna Trádála	290,133	333,553
Ioncam ó Tháillí Iarchurtha		
Ioncam ó Tháillí	2,271,354	3,075,961
Creidiúnaithe agus Fabhruithe Éagsúla	598,319	578,822
ÍMAT/ÁSPC	194,138	206,660
	3,353,944	4,194,996
(b) Áis Iasachta Fadtéarma		
Áis Ráta Athraighigh 20 bliain de €5m	4,181,640	4,418,352

12. INFHEISTÍOCHTAÍ GEARRTHÉARMACHA

Ní raibh aon airgid infheistíochta ghearrthéarmacha in 2010.

13. DEONTAIS CHAIPITIL

Ar an 1 Eanáir 2010	1,562,252	1,712,075
Fáltais Chaipitil	-	-
An mhéid a Amúchadh go hIoncam sa Bhliain	(149,823)	(149,823)
Ar an 31 Nollaig 2010	1,412,429	1,562,252

14. CÚLCHISTÍ

	Cúlchiste Caipitil €	Cúlchiste Ioncaim €	Barrachas Carntha ar Ioncam agus Caitheachas €	Cúlchiste Pinsean €	Iomlán €
Ar an 1 Eanáir 2010	7,579,908	4,342,839	1,935,202	(15,150,000)	(1,292,051)
Barrachas ar an gCuntas Ioncaim & Caitheachais			401,317		401,317
Cailteanas Achtúireach ar Scéim Pinsean go Meitheamh 2010				(1,110,000)	(1,110,000)
Aistriú Socmhainní Scéime go NPRF				(24,665,000)	(24,665,000)
Maoiniú Iarchurtha Pinsean				38,444,000	38,444,000
Coigeartú ar an Easnamh sa Chúlchiste		(161,199)	(2,319,801)	2,481,000	-
Ar an 31 Nollaig 2010	7,579,908	4,181,640	16,718	-	11,778,266

Léiríonn an barrachas ar an cúlchiste pinsean an t-easnamh fágtha tar éis na sócmhainní pinsean a aistriú do dtí an NPRF agus an t-aitheantas a tugtar do shócmhainn chistiúchann iarchurtha faoi na socrúithe maoinithe, a scríobhadh ar ais go cúlchistí eile agus barrachas ioncaim.

RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2010 (AR LEAN)

15. PINSIN

(a) Dliteanas Pinsean agus Sóchmainn

Mar atá mínithe sa Ráiteas ar Beartais Chuntasaíochta, aistríodh ciste pinsin an Fhoras go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) ar an 30 Meitheamh i gcomhréir leis an Acht um Bearta Airgeadúla (Forálacha Éagsúla) 2009. Tá luach reatha ar oibleagáidí scéime agus luach cothrom ar shócmhainní scéime ag dáta an aistrithe leagtha amach thíos.

	€
Luach Reatha ar Oibleagáidí Scéime ag Tús na Bliana	37,588,000
Costas Seirbhíse Reatha	346,000
Costas Úis	1,125,000
(Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach	315,000
Leasa Íochta	(880,000)
Ranníocaíochtaí na mBall	23,000
Costais Íochta	(73,000)

Luach Reatha ar Oibleagáidí Scéime ag 30 Meitheamh 2010 38,444,000

	€
Luach Reatha ar Sócmhainní Scéime ag Tús na Bliana	24,526,000
Toradh Ionchais ar Shócmhainní Scéime	864,000
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	(795,000)
Ranníocaíochtaí an Fhostóra	1,000,000
Ranníocaíochtaí na mBall	23,000
Leasa Íochta ón bPlean	(880,000)
Costais Íochta	(73,000)
Aistriú Socmhainní Scéime go NPRF ar an 30 Meitheamh	(24,665,000)

Luach Cothrom ar Shócmhainní Scéime ag Tús na Bliana Náid

De thoradh sócmhainní na scéime dar luach €24,665,000 a aistriú go, tá ar an bhForas ranníocaíocht bhliantúil a íoc leis an Roinn Airgeadais tar éis íoc na bpinsean atá le híoc a thógaint san áireamh. Cuirfidh an Roinn maoiniú ar fail sa chás go mbíonn na pinsin íochta níos mó ná na ranníocaíochtaí. Ghlac an Bord le láimhseáil agus faisnéisiú mar atá riachtanach faoin gcaighdeán cuntasaíochta Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (Leasuithe Pinsean) a léiríonn na socrúite atá i bhfeidhm. Cé go bhfeidhmíonn an socrú maoinithe i dtéarmaí glanphá thar bonn leis an Roinn, creideann an Foras gurb ionann nádúr an tsocrúite agus aisíoc iomlán na ndliteanas pinsean nuair a thagann an t-am na dliteanas sin a íoc mar sócmhainn ar leith mar shuim cothrom leis an dliteanas ag deireadh na bliana.

Is é an dliteanas pinsean FRS17 a bhí ann ar an 31 Nollaig 2010 ná €38,374,000 (2009: €37,588,000) bunaithe ar an luachail; achtúireach de na dliteanas phinsin maidir le foireann an Fhorais ar an 31 Nollaig 2010, agus rinne achúire cailithe agus neamhspleách de réir riachtanais an FRS 17. Tá sócmhainn mhaoinithe iarchurtha dar luach €38,374,000 agus cothrom leis an dliteanas ar an 31 Nollaig 2010 agus aithnítear mar sócmhainn ar leith sa Chlár Comhardaithe.

RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITEAS AIRGEADAIS 31 NOLLAIG 2010 (AR LEAN)

15. PINSIN

(b) Costas Pinsean aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

An costas ar phinsin aitheanta sa bhliain €646,000 (2009: €1,793,285) ina bhfuil áireamh déanta de chostais i gcomhréir leis an FRS17 suas go dtí 30 Meitheamh.

(c) Ranníocaíocht go dtí an Státhchiste

I gcomhréir leis an Acht um Bearta Airgeadúla (Forálacha Éagsúla) 2009 agus na socrúithe atá leagtha amach i Nóta (a), ranníocaíochtaí iníoctha don Státhchiste ó bharríocht ioncam chuige dar luach €1m sa tréimhse 1 Iúil go 31 Nollaig 2010.

(d) Suim Aitheanta sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus Cailteanas

Tá na suimeanna iomlána aitheanta sa ráiteas ar iomlán na nGnóthachan agus Cailteanas:

	€
Cailteanas Achtúireach agus Dlíteanais Scéime suas go dtí 30 Meitheamh 2010	(315,000)
Cailteanas Achtúireach ar Sócmhainní suas go dtí 30 Meitheamh 2010	(795,000)
Cailteanas Achtúireach suas go dtí 30 Meitheamh 2010	(1,110,000)
Aistriú Socmhainní go NPRF ar an 30 Meitheamh	(24,665,000)
Maoiniú Iarchurtha Pinsean ar 30 Meitheamh 2010	38,444,000

Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a éiríonn tar éis 30 Meitheamh, ríomhtar faoin FRS17 agus léirítear sa Dlíteanas Scéime agus Sócmhainn ag deireadh na bliana i gcomhréir leis na socrúithe atá leagtha amach ag (a) thuas.

(e) Tuairisc ar an Scéim agus ar Thoisimh Achtúireacha

Socrú pinsin tuarastail deiridh le sochar sainithe atá sa scéim pinsean, ina sainítear sochair trí thagairt do rialacháin 'samhail' scéime reatha san earnáil phoiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsean do cheilí agus leanaí. Is é an ghnáthaois scoir ná 65ú breithlá an bhaill. Téann pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí. Agus an oibleagáid le sochar sainithe á meas, áirítear an cleachtas reatha ó thaobh pinsin a mhéadú i gcomhréir le boilsciú tuarastail san earnáil phoiblí.

Ba iad na toisimh airgeadais a úsáideadh ar chúiseanna FRS17 ná:

	Ag deireadh na bliana 31/12/2010	Ag deireadh na bliana 31/12/2009
Ráta Méadaithe na dTuarastal	3.00%	3.00%
Ráta Méadaithe na bPinsean á n-íoc	3.00%	3.00%
Ráta Méadaithe na bPinsean á n-iarchur	2.50%	2.50%
Ráta Lascaine	5.50%	6.00%
Boilsciú	2.00%	2.00%

Is iad na príomhthoisimh básmhaireachta a úsáideadh agus meastachán á dhéanamh ar luach achtúireach dhlíteanais na scéime ná:

Meánionchas saoil ualaithe do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh ar an 31 Nollaig 2010.

	Fireann	Baineann
Baill atá 65 bliain d'aois (ionchas saoil reatha)	22.0	21.6
Baill atá 40 bliain d'aois (ionchas saoil 65 bliain d'aois)	26.1	27.1

RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS 31 NOLLAIG 2010 (AR LEAN)

15. PINSIN

Tá an toimhde bhásmhaireachta thuas i gcomhréir leis an tábla caighdeánach, agus feabhsuithe réamh-mheasta á dtabhairt san áireamh. Ghlac an t-achtúire leis na táblaí básmaireachta foilsithe '85% PMA 2015' i gcomhair pinsinéirí reatha agus le '85% PMA 2030' i gcomhair pinsinéirí sa todhchaí. Tá na toimhdí thuas mar an gcéanna leo siúd a úsáideadh i ndoiciméid nochtá na bliana seo caite.

(f) Pinsin a Chistiú

Tá sé i gceist ag an bhForas Riarachán €1.6m a chur lena scéim pinsean in 2011.

16. CISTE PINSEAN AN FHOIRIS RIARACHÁIN A AISTRÍÚ CHUIG GNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA

I gcomhréir leis an Acht um Bearta Airgeadúla (Forálacha Éagsúla) 2009, aistríodh ciste pinsean an Fhoirís go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, ag an Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta ar an 30 Meitheamh 2010.

17. LEASANNA BHAILL AN BHOIRD

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú arna leasú maidir le nochtadh leasanna ó bhaill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag na baill.


18. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Tugtar figiúirí comparáideacha arís ar an mbonn céanna le figiúirí na bliana seo, nuair is gá.

19. RÁITEAS AIRGEADAIS A FHAOMHADH

D'fhaomh Bord an Fhoirís na Ráitis Airgeadais ar an **25 Bealtaine 2011**.

ARDBHAINISTÍOCHT AN FHORAIS



ARDBHAINISTÍOCHT AN FHORAIS



An Dr Brian Cawley

Ard-Stiúrthóir

bcawley@ipa.ie



An Dr Michael Mulreany

Ard-Stiúrthóir Cúnta, Oideachas agus Taighde

mmulreany@ipa.ie



Cyril Sullivan

Stiúrthóir, Airgeadas agus Córais Faisnéise

csullivan@ipa.ie



Teresa Casserly

Bainisteoir, Ceannaireacht agus Bainistíocht

tcasserly@ipa.ie



Aidan Horan

Bainisteoir, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Seirbhísí Airgeadais, Seirbhísí Forbartha Gnó

ahoran@ipa.ie



An Dr Richard Boyle

Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidreamh Corparáide

rboyle@ipa.ie



Nicolas Marcoux

Bainisteoir, Seirbhísí Idirnáisiúnta

nmarcoux@ipa.ie



Dymphna Lynch

Ceann Acmhainní Daonna agus Rúnaí an Chuideachta

dlynch@ipa.ie